The Department is obliged under the Climate Action Plan (CAP 21) to achieve a 50% improvement in energy efficiency (vs 2009) and reduce our energy related greenhouse gas emissions by 51% by the end of 2030 (versus an average of 2016-18). Our progress is monitored and reported on annually by the Sustainable Energy Authority of Ireland.

Preliminary data, reproduced below, indicates we achieved energy efficiency savings of 51.0% in 2022, this is up on our 2021's figure of 42.4%. (the 2022 figure has yet to be verified)

Since Energy Efficiency Baseline to 2022

Energy Savings: 51.0% lower	
Change in Energy Consumption: 51.3% lower	


Energy Performance Indicators - 2022



The Department continues to participate in the OPW's Optimising Power @ Work awareness schemes which includes the Reduce Your Use campaign.

In order to reduce our energy consumption further the BMS are monitored and optimised. Upgrade works were carried out on the air conditioning system and lifts in our building on 6-7 Hanover Street which has contributed to further energy reduction. A lighting upgrade commenced in our offices in Bishops Square in 2022 and is now complete

Energy Consumption (TPER) - 2022



(Source: SEAI)

2. Carbon offsets

Under DPER circular DPE 019-001-2020, beginning in 2020, the Department of Justice is required to record the carbon emissions associated with all official flights made within a calendar year, and to pay a corresponding amount into the Climate Action Fund, based on the prevailing rate of carbon tax (€26 per tonne in 2021). The Department has made the required payment for 2021. The number of flights, carbon total and resulting carbon offset for the Department, for 2021, is shown in our chart.

2022 Carbon Abatement summary			
Total kilometres: 1038402	# of flights: 613	Carbon total in kg: 107442.9	Carbon offset cost: €4,405.16

3. Biodiversity

As part of the Department's commitment to biodiversity two bee hives were installed on the roof of 51 Stephen's Green in October 2022. At the time of installation there were approximately 15,000 bees in each hive. The bees built up over the year as at end May 2023 there were approximately 40,000 bees in each hive. The bees mainly bring in nectar from the Chestnut and Sycamore trees in St Stephen's Green and pollen from the flowers.

In addition, staff in Department offices in Killarney have planted over 50 whitethorn (hawthorn) saplings to provide a safe nesting area for birds, as well as food and shelter for various insects. A log/brush pile in the wild flower garden provides a variety of habitat types for insects and a bee hotel was made to encourage nests of different bee species. The staff have also encouraged a 'bee bank' for mining bees on a bank with bare soil, ensuring that vegetation is removed. This area is surrounded by managed wild lawns.

4. Smarter Travel

The Department has partnered with TFI Smarter Travel to encourage staff to sustainably and actively commute. TFI Smarter Travel is a national voluntary behaviour change programme, supporting employers and third level institutions to implement voluntary Travel Plans. The Department invested in an electric van in 2022 to replace a diesel van. This has contributed to a reduction in CO2 emissions.

Appendix 6: Transparency Report Figures


The Department's main email address, info@justice.ie receives and categorises emails before distributing these for attention by correspondence teams within the Transparency section. In many instances multiple copies of the same email are forwarded to this central address.

Duplicates, as well as correspondence flagged as 'spam' are not counted in the figure of 35,000 plus emails received. This figure is the correspondence reviewed and processed through the Transparency section.



The greatest number of correspondence cases dealt with by the Department were concerned with immigration issues. This area dealt with 41% of correspondence cases in 2022, a caseload amounting to 4,462. Each case can contain multiple items of correspondence in the form of email, post or telephone message. The average number of emails received each day during the working week was 170.

Division	Total	%
Tr Civil - Immigration	4462	41.50%
Tr Civil - RAJ	1524	14.17%
Tr Criminal - Crime Policing	1504	13.99%
Tr Criminal - PPVR	1376	12.80%
Corr Peace Commissioners	939	8.73%
Tr Corporate	730	6.79%
Corr Legal Unit	97	0.90%
S & NI	72	0.67%
Corr Coroners	25	0.23%
Corr Judicial Appointments	24	0.22%



An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Tuarascáil Bhliantúil 2022

Clár

Brollach ón Aire Dlí agus Cirt	113
Brollach ón Aire Stáit.....	114
Réamhrá ón Ard-Rúnaí.....	115
Ag Obair chun Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach a Bhaint Amach.....	116
1. Timpeallacht Oibriúcháin na Roinne	117
1.1 Freagrachtaí na Roinne	117
1.2 Dualgas na hEanála Poiblí	118
2. Struchtúr na Roinne	124
2.1 Forléargas ar an Roinn	124
2.2 Forléargas ar Cholúin agus ar Fheidhmeanna	125
2.3 Feidhmeanna laistigh de Cholún an Cheartais Sibhialta agus de Cholún an Cheartais Choiriúil	126
2.4 Feidhmeanna Lárnacha	128
3. An Bhliain 2022 i bhFigiúirí.....	130
4. Súil Siar ar an mBliain 2022.....	131
4.1 Eanáir - Márta	131
4.2 Aibreán - Meitheamh	134
4.3 Iúil - Meán Fómhair	139
4.4 Deireadh Fómhair - Mí na Nollag	142
5. Freagairt ar an Úcráin	149
6. Reachtaíocht.....	151
Billí Reachtaíochta Coiriúla achtaithe in 2022	151
Billí Reachtaíochta Coiriúla foilsithe in 2022	153
Scéimeanna Ginearálta Reachtaíochta Coiriúla foilsithe in 2022	153
Billí Reachtaíochta Sibhialta achtaithe in 2022	153
Billí Reachtaíochta Sibhialta foilsithe in 2022	154
Scéimeanna Ginearálta Reachtaíochta Sibhialta foilsithe in 2022	154
7. Dul chun cinn faoi Phlean Dlí agus Cirt 2022	155
7.1 Sprioc 1: Dul i ngleic le coireacht, cur leis an tslándáil náisiúnta agus póilíneacht a athrú ó bhonn	156
7.2 Sprioc 2: Rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus córas na gcúirteanna a nuachóiriú	176

- 7.3 Sprioc 3: Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe 191
- 7.4 Sprioc 4: Córas cothrom inimirce a bhaint amach san aois dhigiteach 202
- 7.5 Sprioc 5: Dlús a chur le nuálaíocht, claochlú digiteach agus gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála dlí agus cirt 212

Aguisín 1: Gníomhaireachtaí, Oifigí agus Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne	216
Aguisín 2: Tuairisciú ar Sholáthar Poiblí Glas (SPG).....	217
Aguisín 3: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.....	218
Aguisín 4: Comhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid	226
Aguisín 5: Inbhuanaitheacht.....	227
Aguisín 6: Figiúirí ón Tuarascáil Trédhearcachta	230

Brollach ón Aire Dlí agus Cirt



Táim thar a bheith sásta Tuarascáil Bhliantúil 2022 de chuid na Roinne Dlí agus Cirt a chur i láthair. Is ar chosaint ár muintire agus ár Stáit atá an córas dlí agus cirt bunaithe, ach clúdaíonn ár mbeartais agus ár ndualgais saol agus sochaí na hÉireann trí chéile. Sonraítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta faoi *Ráiteas Straitéise 2021-2023* de chuid na Roinne.

Leagtar amach sa Straitéis sin na huaimhianta atá againn maidir le hearnáil dlí agus cirt nuálach inrochtana, arb earnáil í a thugann tacaíocht d'íospartaigh agus do phobail, agus a bhfuil meas aici orthu siúd atá sa tóir ar thearmann sa tír seo, nó orthu siúd ar mian leo saol úr a thosú anseo.

Sa bhliain 2022, thug an tír tacaíocht do dhaoine a bhí ag teitheadh ón bhforéigean san Úcráin agus bhí an Roinn seo chun tosaigh san obair sin. Táim fíor-bhuíoch de gach duine a thug a gcuid ama agus saineolais chun creataí na Roinne a chur i gcrích maidir leis an bhfreagairt ar anchaoi na hÚcráine. Níos tábhachtaí fós, is mór agam an tslí a raibh siad cineálta agus gnaíúil leis na daoine ar chuir siad fáilte rompu agus ar chabhraigh siad leo in Aerfort Bhaile Átha Cliath, i mol Iarthar na Cathrach agus sna moil tacaíochta réigiúnacha eile.

Chuir an Roinn reachtaíocht chun cinn i réimse an cheartais choiriúil agus i réimse an cheartais shibhialta araon in 2022 agus, de thoradh chur i bhfeidhm na Scéime um Imircigh gan Doiciméid a Thabhairt chun Rialtacha, léiríodh go bhfuil rún daingean againn córas inimirce atá níos cothroime, agus atá níos dírithe ar an gcustaiméir, a bhaint amach. Tá Éire ag brath ar imirce isteach i láthair na huaire chun dul i ngleic le ganntanais i mórán earnálacha ríthábhachtacha den mhargadh saothair agus d'oibrigh ár bhfoireann um Sholáthar Seirbhísí Inimirce gan stad gan staonadh chun freastal a dhéanamh ar an líon daoine (atá ag méadú i rith an ama) atá ag iarraidh saol úr a thosú anseo.

Is léir sa Tuarascáil Bhliantúil seo gur Roinn sinn atá thar a bheith bródúil as an obair a dhéanaimid i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí agus lenár gcomhlachtaí. Bhí lámh ag cuid mhór de na gníomhaireachtaí sin i seoladh na straitéise, *An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe*, is straitéis a bhfuil mar aidhm aici neamhfhulaingt ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe (FBGIB) a bhaint amach agus is príomhthosaíocht de chuid an rialtais seo an méid sin a chur i gcrích.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne, agus leis na comhlachtaí uile atá faoi chúram na Roinne, as a dtiomantas as cuimse don tseirbhís phoiblí ar feadh an ama. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Heather Mhic Unfraidh agus leis an Aire Síomón Ó hEarchaí siocair gur fheidhmigh siad mar Aire Dlí agus Cirt in 2022 nuair a bhí mé ar shaoire mháithreachais.

Eiléana Nic an tSaoi
Aire Dlí agus Cirt

Brollach ón Aire Stáit



Rinne an Roinn an-dul chun cinn sa bhliain 2022 sa chóras dlí agus cirt ar fad. Ar an dul chun cinn a rinneadh, foilsíodh an Bille um Rialáil Cearrbhachais, 2022, ceann de na príomhthosaíochtaí a bhí agam féin.

Is píosa tábhachtach riachtanach d'athchóiriú reachtach é an Bille seo ar tugadh gealltanais ina leith i gClár an Rialtais. Ceapadh é le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an chearrbhachais in Éirinn sa 21ú haois.

Rinne an Roinn tuilleadh dul chun cinn freisin maidir le cur i bhfeidhm na straitéise, *Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óige*; tugadh beagnach €6.7 milliún do sheirbhísí ceartais óige. Tá sainordú méadaithe sa straitéis faoi choinne Tionscadail Athstíúrtha don Óige (TAÓnna). D'iarramar tograí i mí na Samhna chun ceithre thionscadal eile a bhunú le go mbeadh teacht iomlán ar sheirbhísí atreoraithe don óige, is cuma cén áit sa tír, faoi dheireadh 2023.

Baineann sábháilteacht gach duine linn uile agus, chuige sin, sheolamar *An Plean um Shábháilteacht Tuaithe* ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2022. Maidir le muintir na hÉireann a bhfuil cónaí orthu faoin tuath, ní mór a chinntiú go mbraitheann siad sábháilte, agus go bhfuil siad sábháilte, ina dtithe, ina n-ionaid oibre, agus ina dtimpeallachtaí áitiúla. Céim thábhachtach chun tosaigh é an Plean sin leis an méid sin a bhaint amach. Cuireann an Plean leis an obair a dhéanann an Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair fairsing, a bhfuil tionchar mór aici, atá ar bun ar fud na tíre ag oibríthe deonacha díograiseacha – daoine a chaitheann go leor dá gcuid ama i mbun oibre ar mhaithe lenár bpobail agus lenár dtír.

Aithnítear tosaíochtaí in *An Plean um Shábháilteacht Tuaithe* i dtaca le sábháilteacht tuaithe i réimsí ar nós na gceann seo a leanas: Sábháilteacht Pobail; Buirgléireacht agus Gadaíocht; Póilíneacht ar na Bóithre; Coireacht i gcoinne Ainmhithe; agus Coireacht Oidhreachta. Tá cuid de na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean curtha i gcrích cheana féin. Cuirfear cuspóirí eile chun cinn le linn shaolré an Phlean, agus dá éis sin.

Níl sna garspriocanna agus sna héachtaí ó 2022 a léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo ach blaisín den lear mór oibre atá ar bun sa Roinn Dlí agus Cirt agus ar fud na hearnála, ina bhfuil 29 comhlacht agus gníomhaireacht. Táim buíoch d'fhoireann uile na Roinne agus na nGníomhaireachtaí as an obair chrua a rinne siad, agus as an tacaíocht a thug siad, i gcaitheamh na bliana.

Séamus de Brúin
Aire Stáit

Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Agus mé i m'Ard-Rúnaí, táim buíoch beannachtach de mo chomhghleacaithe go léir sa Roinn, agus díobh siúd inár gcuid gníomhaireachtaí ar fud na hEarnála Dlí agus Cirt, as a gcuid oibre agus dúthrachta. Ba chóir go mbeidís an-bhródúil as a bhfuil bainte amach acu le linn 2022. Baineann an obair a dhéanaimid leis an dúrud gnéithe de shaol na hÉireann. Mar shampla, cuireadh mórphíosaí reachtaíochta i réimsí an dlí teaghlaigh, an chearrbhachais agus díol alcóil, agus straitéisí nua maidir leis an Earnáil Ceartais Choiriúil agus Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, i gcló.



Chuir an Roinn ár gclár oibre i gcrích in 2022. Ina theannta sin, chuamar i ngleic le cúinsí nach rabhthas ag súil leo. Dúshlán ollmhór don Roinn seo ab ea an t-ionradh ar an Úcráin i mí Feabhra agus dlíathriú na ndaoine a d'eascair as. Cúpla lá tar éis don chéad dream teacht ón Úcráin, ba léir go raibh a lán oibre – ar scála nach bhfacthas riamh cheana – le déanamh mar fhreagairt ar an ngéarchéim. Iarradh ar bhaill foirne ón Roinn ar fad cúnaimh a thabhairt ar bhonn deonach agus glacadh go fonnmar leis an achainí sin. Ó shin i leith, tá cuid de na daoine a d'fhág an Úcráin ar mhaithe le tearmann a lorg in Éirinn tar éis dul isteach san earnáil Dlí agus Cirt agus tugann siadsan tacaíocht do dhaoine eile anois. Ní féidir luach a chur ar an méid a dhéanann ár gcomhghleacaithe nua agus is léiriú iontach é ar shárluachanna na seirbhíse poiblí.


Bhí brú mór ar ghnéithe eile den chóras inimirce freisin. Tháinig méadú 65% ar líon na gclárúcháin agus tháinig méadú faoi sheacht ar iarratais ar Chosaint Idirnáisiúnta. Dá ainneoin sin, lean ár bhfoireann um Sholáthar Seirbhísí Inimirce orthu ag cur le héifeachtúlacht ár gcóras tríd an nuálaíocht agus trí fheabhsúcháin ar an tseirbhís do chustaiméirí.

Tá bród orm freisin torthaí ár gcomhoibrithe le páirtithe leasmhara agus le pobail a fheiceáil, ar comhoibriú é atá ag neartú i rith an ama. Is samplaí maithe den chur chuige sin an Plean Beartais Pionóis agus an Plean um Shábháilteachta Tuaithe, a foilsíodh le linn na bliana. Eascaíonn na pleananna sin as comhoibriú láidir le páirtithe leasmhara agus le grúpaí pobail agus baineann siad leis an obair a dhéanaimid lena chinntiú go mbraitheann daoine sábháilte ina dtithe, ina n-ionaid oibre, agus ina dtimpeallachtaí áitiúla. Is é Ráiteas Straitéise 2021-2023 dár gcuid an doiciméad uailmhianach atá mar bhonn agus thaca ag ár gcuid oibre ar fad. Tá cur i bhfeidhm na straitéise á bhrú chun tosaigh ag sraith Pleananna Dlí agus Cirt bliantúla agus tá an t-eolas is deireanaí faoi stádas na gníomhaíochtaí do 2022 mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil seo.


Oonagh McPhillips
Ard-Rúnaí



Roinn Chomhoibríoch, Oscailte agus Ghairmiúil



Ag Obair chun Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach a Bhaint Amach



**Rochtain ar an gceartas a fheabhsú.
Ár seirbhísí a nuáil.
Córas dlí agus cirt a chruthú a rachaidh chun tairbhe do chách.**

1. Timpeallacht Oibriúcháin na Roinne

1.1 Freagrachtaí na Roinne

Oibríonn an Roinn Dlí agus Cirt chun slándáil an phobail agus an tslándáil náisiúnta a chur ar aghaidh, ceartas agus comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, chun an fhís atá againn d'Éirinn atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach a thabhairt chun fáil.

Tá príomhfhreagracht orainn as beartas poiblí i leith shlándáil an Stáit agus shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear coireacht a chosc agus a bhrath, imirce isteach agus próisis chosanta idirnáisiúnta a bhainistiú agus seirbhísí rialála tábhachtacha a sholáthar. Leagtar cúraimí eile ar an Roinn freisin, mar atá, Seirbhís Chúirteanna agus Coimisiún um Chosaint Sonraí a chur ar fáil, tacú le rochtain ar an gceartas tríd an mBord um Chúnaimh Dlíthiúil mar aon le seirbhísí rialála éagsúla, agus ár ndlíthe coiriúla agus sibhialta a choinneáil cothrom le dáta agus freagrúil don saol atá ag athrú.

Tá an obair sin ríthábhachtach chun sochaí dhaonlathach a chothú agus ní mór í a dhéanamh ar bhealach a léiríonn an tiomantas do chearta an duine agus don chomhionannas atá leagtha amach i mBunreacht na hÉireann agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn go hidirnáisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid AE; tá méadú ag teacht i rith an ama ar an méid dlíthe atá ag teacht ó ionstraimí an Aontais Eorpaigh. Tá baint shuntasach ag an Roinn freisin le comhlachtaí idirnáisiúnta eile amhail Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Déanann gníomhaireachtaí a fheidhmíonn ar bhonn reachtúil nó ar bhonn riaracháin réimse freagrachtaí eile a fheidhmiú freisin thar ceann an Aire.

Is é misean na Roinne, a tharraingíonn le chéile sinn uile, 'Ag Obair chun Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach a Bhaint Amach'. Tá freagracht millteanach mór ag baint leis sin. Mar sin féin, tá brí agus bród nach beag ag baint leis an obair a dhéanann ár n-eagraíocht chun sochaí chóir dhaonlathach a chruthú.

Cuirtear in iúl inár spriocanna straitéiseacha, a leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2021-2023 dár gcuid, fairsinge ár gcuid oibre agus scóip ár gcuid uailmhianta.



1.2 Dualgas na hEarnála Poiblí

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine atá ag an bhfoireann agus ag na daoine dá soláthraítear seirbhísí a chosaint. Tá an Dualgas sin ag teacht le misean na Roinne Dlí agus Cirt ('Ag Obair chun Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach a Bhaint Amach') agus lena cuid bunfheidhmeanna agus bunluachanna.

Is mór ag an Roinn an comhionannas agus cearta an duine agus lean sí uirthi á gcur chun cinn i rith 2022 trína cuid oibre leanúnaí – cibé acu trí phríomhsheirbhísí poiblí a chur ar fáil, trí bheartais agus reachtaíocht a fhorbairt ar bhealach ionchuimsitheach a chomhlíonann cearta an duine, nó trína cuid oibre a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus le hionracas agus meas ar dhínit an duine. Tá Dualgas na hEarnála Poiblí chomh hábhartha céanna maidir le taithí fhoireann uile na Roinne, agus le cur i bhfeidhm luachanna na Roinne, trí bheith oscailte, comhoibríoch agus gairmiúil sa chaoi a bpléann agus a n-oibríonn siad lena chéile agus leo siúd a bhaineann úsáid as ár gcuid seirbhísí.

Obair Chumaisc

De réir mar a d'ullmhaigh an Roinn don aistriú chuig samhail oibre cumaisc in 2022, rinneadh a lán oibre, lena n-áirítear i gcomhar leis an bhfoireann, chun an beartas – agus a fhorfheidhmiú – a threorú. Seoladh Beartas Oibre Cumaisc na Roinne i mí na Bealtaine 2022. Tagann sé leis an gCreat Beartais um Obair Chumaisc le haghaidh na Státseirbhíse, ach léirítear ann nádúr sonrach na hoibre a dhéanann an Roinn. Mar gheall ar an mBeartas, tugadh tacaíocht do bhainisteoirí agus do bhaill foirne teacht le chéile agus socruithe oibre a chomhaontú le haghaidh foirne lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais an ghnó agus ar chothromaíocht oibre is saoil na foirne, rud a thagann lenár luachanna eagraíochtúla.

Ghlac an Roinn Cur Chuige atá Bunaithe ar an bhFoireann. Mar thoradh air sin, chuamar i mbun comhoibriú le ball foirne ar mhaithe le teacht ar chomhaontú maidir leis an tslí a n-oibreoidís as lámha a chéile chun riachtanais ghnó a bhaint amach de réir paraiméadair ar leith. Bhí ár luachanna eagraíochtúla – a bheith oscailte, comhoibríoch agus gairmiúil – mar bhonn agus thaca ag ár gcur chuige iomlán agus bhí siad thar a bheith tábhachtach chun an obair chumaisc a chur i bhfeidhm go rathúil i ndiaidh na paindéime, agus sinn ag freagairt do ghéarchéim leanúnach na hÚcráine.

Eisíodh Nós Imeachta na Roinne um Obair Chumaisc, ina leagtar amach ár gcritéir agus ár bpróisis iarratais agus athbhreithnithe, go luath i mí Lúnasa agus cuireadh tús leis an bpróiseas iarratais ar líne an 5 Lúnasa 2022.

Straitéis CÉC/An Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Dualgas na hEarnála Poiblí

Sheol an Roinn a céad straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC) i mí an Mhárta 2022. Is é aidhm na Straitéise cumas na Roinne a neartú chun comhionannas a chur chun cinn, glacadh le héagsúlacht agus cuimsiú a chothú, ní hamháin inár gcaidreamh agus inár ngníomhaíochtaí laethúla mar chomhghleacaithe, ach i gceapadh agus i soláthar na seirbhísí a chuirimid ar fáil don phobal freisin. Tacóidh Straitéis CÉC le misean na Roinne – ‘Ag Obair chun Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach a Bhaint Amach’.

Chuige sin, díríonn Straitéis CÉC ar thrí réimse le haghaidh tionchar straitéiseach:

- torthaí beartais níos fearr a bhaint amach agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar chaighdeán ár seirbhísí;
- tacaíocht a thabhairt chun lucht saothair a fhorbairt atá oilte agus éagsúil agus a léiríonn a éagsúla atá ár bpobal/ár dtír;

- cultúr a éascaíonn, a thacaíonn agus a spreagann rannpháirtíocht ó gach duine san ionad oibre a thógáil agus a dhaingniú

Tá mar thaca leis an Straitéis gníomhartha arna gcur san áireamh i bpleananna gnó bliantúla na Roinne, lena n-áirítear táscairí cuí, agus tugtar faoina monatóireacht i dteannta ár spriocanna eagraíochtúla agus tosaíochtaí straitéiseacha eile. Déanfaidh an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Dualgas na hEarnála Poiblí de chuid na Roinne faireachán ar chur i bhfeidhm na straitéise seo um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú fad a bheidh sí i bhfeidhm. Agus an próiseas monatóireachta idir chamáin, cruthófar bealach ann le dul i dteagmháil le comhghleacaithe a bhfuil taithí saoil acu lena chinntiú go bhfuil na mianta a chuirtear in iúl sa Straitéis á gcomhlíonadh againn. Rachfar i dteagmháil freisin le grúpaí seachtracha ábhartha agus le páirtithe leasmhara. Tháinig an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Dualgas na hEarnála Poiblí le chéile faoi dhó sa bhliain 2022.

Líonra Foirne LADT+

Bhunaigh baill foirne Líonra Foirne LADT+ ar mhaithe le háit níos ionchuimsithí a dhéanamh den Roinn. Spreagann an Líonra an uilechuimsitheacht trí dhaoine a chur ar an eolas faoi cheisteanna LADT+ agus trí oideachas agus imeachtaí. Ón tráth a bunaíodh é, tá tionscnaimh éagsúla á reáchtáil ag an Líonra, lena n-áirítear conas a bheith i do chara maith san ionad oibre, agus an próiseas teacht amach agus conas tacú le comhghleacaithe. Ina theannta sin, bíonn lámh mhór aige sa cheiliúradh a dhéantar ar mhí an Bhróid. Ceann de na dréachtghníomhartha i Straitéis CÉC de chuid na Roinne is ea timpeallacht thacúil a chruthú le go mbunófar líonraí foirne eile agus le go mbeidh rath orthu.

ÁSP 2020, Gníomh 16 – Samhail Aibíochta

Bhí an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt ina gcomhurráitheoirí ar Ghníomh 16 faoi 'Ár Seirbhís Phoiblí, 2020' (ÁSP) – comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (CÉC) a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí. Ar an obair mhór a rinne Foireann Ghníomh 16 bhí Fís CÉC agus Samhail Aibíochta CÉC, a ceapadh chun cabhrú le heagraíochtaí machnamh agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad ag feidhmiú i réimsí tábhachtacha éagsúla.

Rinne an Roinn an tSamhail Aibíochta a reáchtáil mar uirlis féinmheasúnaithe in 2022 ar bhonn píolótach. Chuir an anailís ar an aiseolas bonn eolais faoi fhorbairt na ngníomhartha atá i straitéis CÉC de chuid na Roinne. Foilsíodh cás-staidéar in 2022 – ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar an taithí a fuarthas le linn úsáid a bhaint as an tSamhail Aibíochta – ar

shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar aon leis na hacmhainní praiticiúla a d'fhorbair an Roinn Dlí agus Cirt chun tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir lena straitéis um chomh-ionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Foghlaim agus Forbairt

Le linn 2022, d'fhreastail 298 iontrálaí nua ar sheisiúin ionduchtúcháin fhíorúla, inar leagadh amach misean na Roinne ('Ag Obair chun Éire Shábháilte, Chóir agus Uilechuimsitheach a Bhaint Amach'), na bunluachanna atá mar bhonn agus thaca ag obair fhoireann uile na Roinne, agus an chaoi a dtagann an méid sin le spriocanna Dhualgas na hEarnála Poiblí. Le linn na seisiún sin, thug an tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais léargas ginearálta ar na tacaíochtaí atá ar fáil d'aon bhall foirne atá faoi mhíchumas, lena chinntiú go mbeidh comhionannas deiseanna aige/aici i ngach gné dá g(h)airmréim. Cuireadh an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid na Roinne i láthair na mball foirne nua. Lena chois sin, tugadh deis dóibh dul le líonraí éagsúla foirne, lena n-áirítear Líonra Foirne LADT+.

Tugadh maoiniú do sheisear ball foirne faoin *Scéim Bhliantúil Aisíochta Táillí in 2022*, seisear a bhí i mbun staidéir i réimse Chearta an Duine agus an Chomhionannais. Tugadh tacaíocht do sheisear ball foirne eile chun tabhairt faoi shainoilíúint dá gcuid ról i réimse na hinimirce tríd an Sain-diplóma sa Dlí Inimirce agus Tearmainn in Óstaí an Rí, ina gclúdaítear topaicí ar nós Dlí Chearta an Duine agus Gáinneáil ar Dhaoine.

D'óstáil an Roinn dhá sheimineár gréasáin in 2022, arna gcur i láthair ag saineolaithe ar an ábhar. Bhí sé mar aidhm ag na seimineáir feasacht a mhúscailt maidir le ceisteanna a bhaineann le míchumas agus rochtain san ionad oibre. Rinne iniúchadh sa chéad seimineár gréasáin ar an néara-éagsúlacht, agus díriodh ar fheasacht ar Bhodhaire sa dara ceann. Mar aon leis an seimineár gréasáin faoi fheasacht ar Bhodhaire, cuireadh mionseisiún oiliúna feasachta ar Bhodhaire ar fáil do phríomhbhaill foirne ar fud na Roinne freisin, ar baill foirne iad atá ag obair i réimsí amhail rochtain, cumarsáid agus seirbhísí duine le duine.

Ba í an Roinn, i dteannta na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, a chuir Rúnaíocht ar fáil do Chlub 30% de chuid Líonra na hEarnála Poiblí i gcaitheamh 2022. Is é aidhm an ghrúpa sin dul chun cinn na mban agus cothromaíocht inscne a chur chun cinn ar fud na hEarnála Poiblí.

Intéirneachtaí agus Socrúcháin Taithí Oibre

Cuireann an Roinn comhdheiseanna do dhaoine faoi mhíchumas chun cinn, agus tacaíonn sí leis an méid sin, i rith an ama. Chuaigh an Roinn i mbun comhpháirtíochta le AHEAD (an Cumann um Rochtain agus Míchumas san Ardoideachas) arís i mbliana ar a chlár 'Willing Able Mentoring' (WAM). Tá sé mar aidhm ag an gclár seo rochtain ar an margadh saothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas, agus cumas fostóirí a fhorbairt chun míchumas a chomhtháthú san ionad oibre príomhshrutha.

B'áil leis an Roinn, in 2022, triúr céimithe de chuid chlár WAM a chur i mbun oibre i réimsí gnó na Roinne ach, toisc go raibh an-fhonn ar fhostóirí céimithe WAM a fáil, ní bhfuair an Roinn ach céimí WAM amháin; chuir an céimí sin socrúchán 7 mí i gcrích i Soláthar Seirbhísí Inimirce.

Chomh maith leis sin, déanann an Roinn éascaíocht ar shocrúcháin Idirbhliana i gcomhar le Scéim Socrúcháin Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. Is é aidhm an tionscnaimh taithí oibre ghairmiúil a chur ar fáil do scoláirí ó limistéir faoi mhíbhuntáiste, rud a chuireann le líon na mionlach éagsúil atá in ann dul i mbun socrúcháin ghairmiúla. Mar gheall air sin, cruthaítear deiseanna chun athruithe dearfacha buana a dhéanamh. Le linn na bliana, chaith seisear scoláirí Idirbhliana seachtain sa Roinn, áit a raibh deis acu foghlaim faoi obair éagsúil na Roinne.

Lean an Roinn ar aghaidh lena comhoibriú leis an Lucht Siúil agus leis na Romaigh in 2022 d'fhonn clár intéirneachta bliana a cheapadh do bhaill a bpobal. Ceapadh an clár i gcomhar le hionadaithe ó ghrúpaí pobail agus le páirtithe leasmhara eile chun rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus na Romach a mhéadú an oiread agus is féidir agus chun bealaí a réiteach do ghairm bheatha sa Státseirbhís. Tá foráil ann do dhá ról déag thar leibhéal an Oifigigh Cléireachais (OC) agus an Oifigigh Feidhmiúcháin (OF) i Ranna, i ngníomhaireachtaí agus san Oireachtas.

Seoladh an chéad fheachtas earcaíochta le haghaidh Chlár Intéirneachta an Lucht Siúil agus na Romach i mí Iúil 2022 agus eisíodh an dara glao ar iarratais i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá socrúcháin á gcur ar fáil ag an Roinn do cheathrar intéirneach (beirt OF agus beirt OC). Thairis sin, tá ocht socrúchán intéirneachta eile faoin gclár á gcur ar fáil sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i Seirbhís Thithe an Oireachtais, agus sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Cuirfidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo tús lena n-intéirneachtaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus sna Ranna/Oifigí eile sa chéad ráithe de 2023.

An Coiste Comhairleach um Míchumas

Cuireann Coiste Comhairleach na Roinne fóram ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta idir oifigigh de chuid na Roinne, ionadaithe de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus ionadaithe de chuid an Ghrúpa Páirtithe Leasmhara um Míchumas, go háirithe i ndáil le cur i bhfeidhm na straitéise, An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais. Chomh maith leis sin, tugann sé deis don Roinn nuashonrú a dhéanamh ar shaincheisteanna reatha atá ina n-ábhar spéise agus tugann sé deis do na grúpaí saincheisteanna atá ina n-ábhar imní dóibh a chur in iúl. Tháinig an Coiste Comhairleach um Míchumas le chéile

go fíorúil i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna in 2022. Rinneadh nuashonruithe ar An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais sna cruinnithe sin agus tugadh láithreoireachtaí faoi fhorbairtí ábhartha sa Roinn agus san earnáil Dlí agus Cirt.

Foireann Rochtana


Ceapadh Oifigeach Rochtana sa Roinn de réir Alt 26(2) den Acht um Míchumas, agus bunaíodh Foireann Rochtana in 2021 chun cúnamh a thabhairt do bhaill foirne agus do chustaiméirí araon maidir le ceisteanna inrochtaineachta. Déanann ár nOifigeach Rochtana cathaoirleacht ar an bhfoireann, is foireann a thagann as feidhmeanna éagsúla laistigh den Roinn. Meastar gur dea-chleachtas i réimse na hinrochtaineachta é coincheap na Foirne Rochtana toisc go gcuirtear fóram praiticiúil ar fáil chun ceisteanna praiticiúla a réiteach. Chomh maith leis sin, cuirtear acmhainn ar fáil do bhaill foirne chun aon cheisteanna nó saincheisteanna rochtana a chur in iúl. Chuaigh an Fhoireann Rochtana i mbun comhoibre i gcaitheamh 2022 chun ábhar feasachta ar mhíchumas a chruthú faoi choinne thairseach inmheánach na Roinne. Rud eile de, d'fhreastail an fhoireann ar sheimineáir ghréasáin faoi fheasacht ar Bhodhaire agus faoi chúrsaí néarachognaíochta, agus chuidigh siad le roinnt comhghleacaithe le ceisteanna inrochtaineachta. Aidhm fhadtéarmach na Foirne Rochtana is ea ailíniú le cuspóirí ár straitéise um CÉC, rud a bheith mar bhonn faoi ghealltanais a tugadh, is é sin, cultúr comhionannais agus chearta an duine a chothú san eagraíocht i rith an ama.

2. Struchtúr na Roinne

2.1 Forléargas ar an Roinn

Tá an Roinn ailínithe faoi dhá cholún beartais, Ceartas Sibhialta agus Ceartas Coiriúil, gach colún díobh faoi stiúir Leas-Rúnaí. Tá na feidhmeanna seo a leanas i gceist faoin dá cholún: Rialachas, Reachtaíocht agus Beartas. Tacaíonn feidhmeanna cumasúcháin na nGnóthaí Corparáideacha, na nGnóthaí Eorpacha, an Athraithe, na Teicneolaíochta agus na Nuálaíochta, agus na Trédhearcachta le hobair an dá cholún.

Ina theannta sin, bainistíonn an fheidhm, Soláthar Seirbhísí Inimirce, atá i gcolún an Cheartais Sibhialta, seirbhísí inimirce agus cosanta idirnáisiúnta don Roinn agus don Stát, agus bíonn sí de shíor ag cuardach deiseanna chun seirbhísí do chustaiméirí a chur chun feabhais. Déann an fheidhm, Soláthar Seirbhísí Ceartais, atá i gcolún an Cheartais Choiriúil, seirbhísí líne thosaigh neamh-inimirce – atá éifeachtúil, láidir agus dírithe ar an gcustaiméir – a bhainistiú, lena gclúdaítear raon ceisteanna amhail cúnaimh dlíthiúil coiriúil, cúnaimh dlíthiúil frithpháirteach agus eiseachadadh.



Tá an struchtúr feidhmiúil seo leagtha amach chun solúbthacht agus freagrúlacht, seirbhís níos fearr do chustaiméirí, breis trédhearcachta agus cuntasachta, agus pleanáil straitéiseach agus forbairt beartas atá bunaithe ar fhianaise, a éascú. Seastar leis na luachanna seo againne agus, ag an am céanna, fantar dílis do luachanna traidisiúnta na státseirbhíse amhail neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht agus meas.

2.2 Forléargas ar Cholúin agus ar Fheidhmeanna

Colún an Cheartais Shibhialta

- Clár athchóirithe agus nuachóirithe sa cheartas sibhialta a stiúradh, agus é mar aidhm rochtain ar cheartas a chur chun cinn, clár reachtaíochta an Rialtais a thabhairt ar aghaidh, oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus forbairt a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le beartais i réimse an cheartais sibhialta agus na hinimisce i gcoitinne.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt beart straitéiseach agus reachtach chun córas inimisce freagrúil atá cóir cothrom a chur chun cinn, ag obair go dlúth le raon leathan gníomhaithe Rialtais agus sochaí sibhialta.
- Cabhrú leis an Ard-Rúnaí fíis shoiléir a leagan síos don Roinn trí straitéis, beartas, cuspóirí agus spriocanna a fhorbairt do gach gné d'obair na Roinne agus an clár leathan d'athrú eagraíochtúil atá á chur i bhfeidhm sa Roinn a chur i gcrích.

Colún an Cheartais Choiriúil

- Fíis shoiléir a leagan síos don eanáil Ceartais Choiriúil trí straitéis a fhorbairt le fócas ar leith ar chomhoibriú éifeachtach ar fud an chórais ceartais choiriúil agus le comhpháirtithe eile ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, agus ag an am céanna ag seasamh le neamhspleáchas agus cuntasacht eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara aonair.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an athraithe ó bhonn atá leagtha amach i dtuarascáil 2018 ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.
- Slándáil náisiúnta agus comhoibriú Thuaisceart Éireann/na Ríochta Aontaithe/na hEorpa/idirnáisiúnta ar chúrsaí coiriúla agus slándála.
- Cabhrú leis an Ard-Rúnaí fíis shoiléir a leagan síos don Roinn trí straitéis, beartas, cuspóirí agus spriocanna a fhorbairt do gach gné d'obair na Roinne agus an clár leathan d'athrú eagraíochtúil atá á chur i bhfeidhm sa Roinn a chur i gcrích.

Feidhmeanna Lárnacha

Tacaíonn na feidhmeanna lárnacha – Trédhearcacht, Gnóthaí Corparáideacha, Gnóthaí Eorpacha, agus Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht – le spriocanna straitéiseacha agus

oibriúcháin cholún an Cheartais Shibhialta agus cholún an Cheartais Choiriúil, agus cumasaíonn siad iad.

2.3 Feidhmeanna laistigh de Cholún an Cheartais Shibhialta agus de Cholún an Cheartais Choiriúil

Is iad seo a leanas na feidhmeanna laistigh de na colúin:

Beartas

Forbraíonn feidhm an Bheartais beartais fhadtéarmacha atá bunaithe ar fhianaise trí thaighde agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí ó fhoinsí éagsúla. Glacann sí dearcadh réamhghníomhach straitéiseach ar cheapadh agus ar athbhreithniú beartas ceartais, agus cuireann sé ar chumas na Roinne an chomhairle is fearr agus is féidir a chur ar fáil don Aire agus don Rialtas ar mhaithe le leas fadtéarmach gach saoránach. Tá feidhm an Bheartais roinnte ina dhá príomhréimse.

Bunaíonn an réimse Beartais Straitéisigh agus Pleanála mórchlár beartais na Roinne, tugann sé comhairle maidir le tosaíochtaí beartais leathana agus déanann sé maoirseacht ar shaolré an bheartais. Tá an fhoireann freagrach freisin as bainistiú a dhéanamh ar chomhoibriú tionscadail, rianú beartais agus riachtanais riaracháin na feidhme beartais.

Tá na foirne um Acmhainn Ábhair agus Beartas Feidhmeach i gceannas ar fhorbairt beartais ar théamaí beartais ar leith. Déanann na foirne beartais fheidhmeacha a dhréachtú agus a bhainistiú agus cuireann siad comhairle ar fáil ina dtaobh. Cuirtear na beartais i ngrúpaí de réir téamaí. Oibríonn na foirne sin as lámha a chéile ar fud na feidhme Beartais agus ar fud na Roinne; cuireann siad eolas ar fáil faoi bheartais ar leith agus déanann siad ionadaíocht thar ceann na Roinne go seachtrach agus ag leibhéal AE/Idirnáisiúnta, nuair is cuí.

Reachtaíocht

Tá feidhm na reachtaíochta freagrach as reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú agus as Billí a cheapadh agus a chur trí Oifig an Ard-Aighne; tacaíonn sí le rith na mBillí tríd an Oireachtas fosta. Trí dhul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí, pléitear faoin bhfeidhm reachtaíochta le dlí na hÉireann, agus le dlí AE agus dlí Idirnáisiúnta a thrasú i ndlí na hÉireann.

Cuireann sí comhairle ar fheidhmeanna eile agus oibríonn sí go dlúth leo lena chinntiú go mbreithnítear gach impleacht iomchuí ag gach céim den phróiseas reachtaíochta.

Rialachas

Is ar na feidhmeanna Rialachais atá an príomhfhreagracht mhaoirseachta as comhlachtaí/gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne. Ag obair i gcomhar lena chéile, tá sé mar aidhm ag na feidhmeanna Rialachais a chinntiú go bhfuil straitéis shoiléir ag comhlachtaí/gníomhaireachtaí, go ndéanann siad bainistiú cuí ar a n-acmhainní, agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin chomhaontaithe maidir le feidhmíocht, trédhearcacht, rialachas agus cuntasacht. Féachann na feidhmeanna Rialachais le maoirseacht chúí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta/na gníomhaireachta, le tacú leo feidhmiú go héifeachtach, agus le cur chuige rialachais comhsheasmhach – atá bunaithe ar chaighdeáin aitheanta ar féidir iad a chur in oiriúint do gach aon comhlacht/gníomhaireacht de réir mar is cuí – a chur i bhfeidhm.

Tá liosta de na Comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla atá faoi choimirce na Roinne in Aguisín 1.

Soláthar Seirbhísí Ceartais (Colún Coiriúil)

Príomhfheidhm amháin sa Roinn is ea Soláthar Seirbhísí, a chuireann seirbhísí líne thosaigh neamh-inimirce ar fáil don Roinn. Déanann an fhoireann um Sholáthar Seirbhísí seirbhísí líne thosaigh – atá éifeachtúil, láidir agus dírithe ar an gcustaiméir – a bhainistiú don Roinn, lena n-áirítear seirbhísí i réimse an chomhoibríthe idirnáisiúnta maidir le ceartas coiriúil; déanann siad maoirseacht ar chomhlachtaí áirithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta); téann siad i mbun Ceadúnú agus Cigireachta maidir le hAirm Thine agus Pléascáin; agus pléann siad le cúnamh dlíthiúil coiriúil agus le scéimeanna cúitimh, lena n-áirítear an scéim cúitimh i leith díobháilacha coiriúla.

Soláthar Seirbhísí Inimirce (Colún an Cheartais Shibhialta amháin)

Is é cuspóir na feidhme, Soláthar Seirbhísí Inimirce, atá i gColún an Cheartais Shibhialta, seirbhísí líne thosaigh inimirce agus cosanta idirnáisiúnta – atá éifeachtúil, láidir agus dírithe ar an gcustaiméir – a bhainistiú don Roinn agus don Stát, agus bíonn sí de shíor ag cuardach deiseanna chun seirbhísí do chustaiméirí a chur chun feabhais.

Cuireann an fheidhm ar chumas na foirne díriú ar aschuir agus ar thorthaí do chustaiméirí a fheabhsú fad a chinntíonn obair i gcomhar le feidhmeanna eile go bhfuil leagan amach na seirbhísí agus feabhas ar thaithí an chustaiméara i gcroílár na seirbhísí inimirce.

2.4 Feidhmeanna Lárnacha

Tacaíonn na feidhmeanna lárnacha – Gnóthaí Corparáideacha, Gnóthaí Eorpacha, Trédhearcacht, Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, agus Airgeadas – le spriocanna straitéiseacha agus oibriúcháin cholún an Cheartais Shibhialta agus cholún an Cheartais Choiriúil, agus cumasaíonn siad iad.

Gnóthaí Corparáideacha

Déanann Gnóthaí Corparáideacha gníomhaíochtaí a chur ar aghaidh agus a bhainistiú ar fud na heagraíochta chun cur ar chumas na Roinne a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus seirbhísí agus próisis Roinne, atá éifeachtach agus freagrúil, a sholáthar. Déanann an réimse Corparáideach an cur chuige, na réitigh agus an t-infreastruchtúr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud roinnt réimsí éagsúla: teicneolaíocht; pleanáil airgeadais agus daoine; soláthar; dlí; rialachas corparáideach; sonraí agus taifid; comhlíonadh agus rialuithe iniúchóireachta; taighde agus anailísíocht.

Trédhearcacht

Tá freagracht ar fheidhm na Trédhearcachta as an bhfaisnéis ar fad a éilíonn an tAire agus ardbhainistíocht na Roinne a fhoinsiú, a mheas agus a chur in iúl, maille le caighdeán chomhsheasmhacha chumarsáide inmheánaí agus seachtraí a chinntiú. Comhtháthaíonn an fheidhm seo faisnéis, anailís agus cumarsáid ó gach cearn den Roinn chun insintí comhleanúnacha a chruthú maidir le téamaí an Cheartais. Cinneann sí, ar bhonn réamhghníomhach, cá bhfuil gá le faisnéis a chur in iúl nó a fhoilsiú, chomh maith le freagra sofhreagrúil a thabhairt ar iarratais a thagann isteach.

Baineann feidhm na Trédhearcachta úsáid as bealaí éagsúla lena chinntiú go seasann Airí leis an bhfreagracht dá bhfuil orthu i leith cuntasacht dhaonlathach do shaoránaigh, don Oireachtas, do na meáin chumarsáide agus do pháirtithe leasmhara eile.

Gnóthaí Eorpacha

Tá Gnóthaí Eorpacha freagrach as gnó Eorpach na Roinne agus roinnt gnó idirnáisiúnta dá cuid a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh air, go háirithe saincheisteanna leathana a mbeadh roinnt feidhmeanna agus ranna páirteach iontu. Tacaíonn an fheidhm leis an Aire ag cruinnithe de Chomhairle na nAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile. Ina theannta sin, oibríonn an fheidhm le réimsí eile den Rialtas chun cur chuige straitéiseach na hÉireann a mhúnlú i leith Thodhchaí na hEorpa agus Chlár Cheannairí AE, agus imríonn sí ról gníomhach chun rannpháirtíocht agus comhoibriú níos mó a spreagadh le comhghleacaithe san Eoraip ar shain-

cheisteanna ábhartha Ceartais. Cé go bhfuil na baill foirne lonnaithe i mBaile Átha Cliath, oibríonn siad go dlúth le baill foirne sa Bhruiséil atá ar iasacht ag

Buanionadaíocht na hÉireann chuig AE, leis an Ataisé Ceartais atá ar iasacht ag Buanionadaíocht na hÉireann chuig Comhairle na hEorpa in Strasbourg, agus leis an gComhairleoir um Cheartas agus Gnóthaí Baile in Ambasáid na hÉireann, Londain. Tacaíonn an fheidhm freisin leis an Aire agus leis an Roinn araon chun freagrachtaí na Roinne i leith an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa a chomhlíonadh agus chun leasanna na hÉireann go hidirnáisiúnta a chur in iúl agus ionadaíocht a dhéanamh orthu.

Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ATN)

Siocair go bhfuiltear eolach ar an ról ríthábhachtach atá ag an teicneolaíocht in obair na Roinne agus i mbaint amach a cuid spriocanna, earcaíodh Príomhoifigeach Faisnéise sa bhliain 2021, ag céim an Rúnaí Chúnta, chun an clár oibre uailmhianach atá leagtha amach i Straitéis Dhigiteach na Roinne a chur chun cinn.

Laistigh de ATN, tá na foirne Bonneagair, Ailtireachta agus Forbartha de chuid Teicneolaíocht Bainistíochta Faisnéise freagrach as soláthar laethúil threalamh agus sheirbhísí TF. Tá freagracht orthu freisin as dearadh, forbairt agus cothabháil na ríomhchóras.

Tacaíonn an réimse, Oibríochtaí Gnó, leis an Roinn chun a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach maidir le seirbhísí digiteacha a chur ar fáil a bhaineann le bheith ag déileáil le custaiméirí. San áireamh ann tá an Oifig Bainistíochta Tionscadal, an fhoireann um Bainistíocht Clár agus Tionscadal agus na foirne um Dhearadh Próiseas agus Seirbhísí. Tá na foirne sin freagrach as pleanáil, bainistíocht riosca, rialú tionscadal agus bainistíocht athruithe ar fud na Roinne. Ina theannta sin, tacaíonn na foirne le soláthar seirbhísí nuálacha éifeachtúla, atá dírithe ar gcustaiméir, don Roinn. Rud eile a dhéanann réimse na nOibríochtaí ná go n-éascaíonn sé feabhsú leanúnach sa Roinn, agus san Earnáil Dlí agus Cirt trí chéile, trí dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha chun deiseanna a aithint le cur le soláthar seirbhísí.

Rinneadh dul chun cinn nach beag go dtí seo – cuireadh tús leis an obair chun Soláthar Seirbhísí Inimirce (SSI) a dhigitiú, le tacaíocht ó na foirne um Próiseas Gnó agus Léargas ar Chustaiméirí, a chomhoibrigh le SSI chun samhlacha oibriúcháin, atá éifeachtúil agus dírithe ar úsáideoirí, a shainiú. Cuireadh le cumas bainistíochta tionscadal inmheánaí na Roinne agus tá maoirseacht á déanamh ar na tionscadail ar fad anois trí Oifig Bainistíochta Tionscadal amháin. Mar thoradh air sin, bíonn cur chuige na Roinne níos comhsheasmhaí agus soláthraítear léargas láraithe ar an obair ar fad atá ar bun.

3. An Bhliain 2022 i bhFigiúirí

Bhí Grúpa an Vóta Dlí agus Cirt comhdhéanta de 6 vóta sa bhliain 2022: an Roinn Dlí agus Cirt, an Garda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Chúirteanna agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Bhí chóir a bheith 2,600 ball foirne fostaithe ag an Roinn agus bhí 29 eagraíocht ag feidhmiú faoina coimirce. Tá lorg na Roinne le sonrú ar an gcoigríoch fosta – tá beagnach 40 oifigeach fostaithe in 11 cheann d'ambasáidí agus de mhisin Éireannacha i 4 mhór-roinn; bíonn siad ag plé le raon leathan ábhar a bhaineann le seirbhísí inimirce agus ceisteanna ceartais idirnáisiúnta.

3,271



Ceist Pharlaiminte freagartha in 2022

Is ionann é sin agus méadú 31% ar an mbliain roimhe sin.

35,000+



Ríomhphost agus litir faighte ag Oifig an Aire in 2022

781



Iarratas ar Shaoráil Faisnéise próiseáilte in 2022

614



Iarratas ó Dhaoine ar a Sonraí faighte in 2022

2,586



Ball foirne fostaithe ag an Roinn in 2022

€3.15 billiún



Ollchaiteachas iomlán do ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt in 2022

70,000+



Líon na Saoránach Úcránach ar tugadh Cosaint Shealadach dóibh in 2022

13,600+



Deimhniú Eadóirseachta eisithe chuig Saoránaigh nua in 2022

4. Súil Siar ar an mBliain 2022



An Roinn Dlí agus Cirt, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath

4.1 Eanáir - Márta

Seirbhís Saorghlao Inimirce le haghaidh Coinní

Thug an Roinn córas áirithe Saorghlao isteach an 11 Eanáir d'fhonn freastal ar an éileamh ar choinní clárúcháin céaduaire i réigiún Bhaile Átha Cliath. Bhí an córas deartha chun dul i ngleic le riaráistí sa chóras áirithe ar líne a bailíodh le linn dianghlásálacha éagsúla agus nuair a bhí na hoifigí dúnta. Bhí an líne ghutháin ar oscailt ar feadh 12 uair a chloig in aghaidh na seachtaine chun áirithe a dhéanamh.

Scéim gan Doiciméid Seolta

Seoladh scéim chun díriú ar imircigh fhadtéarmacha gan doiciméid atá ag cur fúthu sa Stát, in dhá shnáithe le linn na bliana. Bhí Snáithe 1 dírithe ar na hImircigh Fhadtéarmacha Gan Doiciméid agus bhí sé ar oscailt d'iarrais ar líne ón 31 Eanáir go dtí an 31 Iúil. Bhí Snáithe 2 dírithe ar na hiarrthóirí um Chosaint Idirnáisiúnta a raibh coinníollacha ar leith comhlóna acu. Cuireadh tús leis an Snáithe seo an 7 Feabhra agus cuireadh deireadh leis an 7 Lúnasa.

Tá sé mar aidhm ag an scéim deis a thabhairt dóibh siúd a chomhlíonann a critéar fanacht agus cur fúthu sa Stát agus a bheith mar chuid de shochaí príomhshrutha na hÉireann seachas a bheith ag maireachtáil ar an imeall.

Déanann an tAire ionadaíocht ar Éirinn ag Cruinniú Neamhfhoirmiúil um Ghnóthaí Baile an AE

Déanann an tAire Nic an tSaoi ionadaíocht ar Éirinn ag cruinniú neamhfhoirmiúil um Ghnóthaí Baile an AE a tionóladh i Lille an 4 Feabhra. Ar na hábhair a pléadh ar an gclár bhí slándáil theorainneacha na hEorpa; cosaint shibhialta san Eoraip amach anseo ainneoin an athraithe aeráide; an troid i gcoinne sceimhlitheoireachta agus radacaithe, agus an Comhaontú um Imirce agus Tearmann. Le linn dóibh freastal ar an gcruinniú neamhfhoirmiúil, bhí cruinniú tionscnaimh déthaobhach ag an Aire Nic an tSaoi le hAire nua Gearmánach na Cónaidhme Gnóthaí Baile, Nancy Faeser.

Ceanglais Víosa a bhaint idir an Úcráin agus Éire

Mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, bhí éifeacht láithreach ag Ionstraim Reachtúil a bhain an ceanglas víosa do náisiúnaigh na hÚcráine an 25 Feabhra. Bhí an gníomh dírithe ar imeacht sciobtha bhail teaghlaigh Úcránacha de chuid shaoránaigh na hÉireann, agus bail teaghlaigh ón Úcráin atá ina gcónaí in Éirinn araon.




Tosach feidhme an Achta um Nós Imeachta Coiriúil 2021

Cuireadh tús leis an Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2021 an 28 Feabhra agus tabharfaidh sé athruithe sa chóras cúirteanna ach éisteachtaí réamhthrialacha a thabhairt isteach. Ceadóidh a thosach feidhme, mar aon leis na rialacha cúirte riachtanacha a dhréachtaigh na cúirteanna ábhartha, éisteachtaí réamhthrialacha a thionóil. Beidh tairbhe shuntasach ag an Acht ar na próisis thrialacha le haghaidh réimse cionta. Áirítear leis seo cionta gnéis, áit a laghdófar an tionchar ar íospartaigh toisc gur lú an seans go mbeidh siad faoi réir moilleanna a mbaineann strus leo tar éis dóibh iad féin a ullmhú go meabhrach do thriail. Cuirfidh sé feabhas ar thriail freisin do choireanna an bhóna bháin, coireacht eagraithe agus cionta casta eile.

Faomhadh na Comh-aireachta chun Dlí Clúmhille na hÉireann a Athchóiriú.

An 1 Márta, d'fhaomh an Chomh-aireacht pleananna chun an tAthbhreithniú ar an Dlí Clúmhille 2009 a fhoilsiú, agus chun reachtaíocht chlúmhille nua a ullmhú. Ar na mór-mholtaí a éiríonn as an Athbhreithniú, tá deireadh leis na coistí dháréag i gcásanna clúmhille, rochtain níos éasca a chur ar fáil ar cheartas do dhaoine aonair a bhfuil ionsaithe éagóracha á ndéanamh ar a gclú agus cosaint níos soiléire d'iriseoireacht fhreagrach ar mhaithe le leas an phobail. Molann an t-athbhreithniú costais dlí agus moilleanna a laghdú agus bearta a ionchuimsiú chun ceartú agus leithscéal sciobtha a spreagadh, áit ina ndéantar botúin.

Seoladh Straitéis Earnála um Cheartas Coiriúil



Seoladh an Straitéis Earnála um Cheartas Coiriúil an 7 Márta agus leagtar amach inti fíis de chóras comhtháite um cheartas coiriúil a chosnaíonn cearta daonna agus a chuireann le muinín agus iontaobhas an phobail. Leagann an straitéis amach clár mionsonraithe oibre chun cur chuige 'don earnáil iomlán' a chur ar fáil do réiteach fadhbanna agus comhroinnt eolais. Tá sé mar aidhm muinín agus iontaobhas an phobail sa chóras um cheartas coiriúil a dhaingniú, agus chun bearta praiticiúla a chur ar fáil chun tacú le sonraí ar ardchaighdeán a athúsáid agus a roinnt.

Foilsíú An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha

D'fhoilsigh an tAire Nic an tSaoi an Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha 2022. Déanfaidh an bille athchóiriú ar an bpróiseas um cheapacháin bhreithiúnacha agus cuirfear próiseas soiléir ar fáil chun breithiúna a cheapadh trí bhunú Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Tíocfaidh an Coimisiún de 9 gcomhalta, faoi chathaoirleach an Phríomh-Bhreithimh, in ionad an Bhoird Chomhairligh um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Is mian leis an mBille a chinntiú do dhuine ar bith ar mian leo iad féin a mheas mar cheapachán d'oifig bhreithiúnach, lena n-áirítear breithiúna reatha, go ndéanfaidh siad iarratas chuig an gCoimisiún agus go rachaidh siad faoi na próisis iarratais agus agallaimh chéanna.

4.2 Aibreán - Meitheamh



An Roinn Dlí agus Cirt, Soláthar Seirbhísí Inimisce, Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath

Seoladh Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

Seoladh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) an 5 Aibreán. Cuireadh moill ar dtús ar oibríochtaí an LPDT a thosú mar gheall ar phaindéim COVID-19 ach cuireadh i bhfeidhm é i mí na Samhna 2020 nuair a cheap Uachtarán na hArd-Chúirte Mary Irvine 33 comhalta de chuid an Bhinse. Is é ról an LPDT gearáin de mhí-iompar a mheas i gcoinne dlíodóirí & abhcóidí a treoraíodh chuige ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí tríd a Choiste Gearán nó ón Dlí-Chumann. Tá ról lárnach ag an LPDT chun tacú le riaradh an cheartais go héifeachtach agus lena chinntiú go bhfuil ár gcóras dlí neamhspleách, láidir agus éifeachtach.

Clár Oiliúna d'Idirghabhálaithe

An 4 Bealtaine, sheol an tAire Nic an tSaoi clár oiliúna nua in Ollscoil Luimnigh do dhaoine gairmiúla a chabhraíonn le finnétithe leochaileacha fianaise a thabhairt. Tá an clár ar an gcéad cheann dá chuid in Éirinn agus tabharfaidh sé na scileanna agus an saineolas atá riachtanach do dhaoine gairmiúla, a bhfuil cúlra acu i dteiripe urlabhra agus theanga nó i ndisciplín gaolmhar go hiondúil, chun cabhrú le finnétithe a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu fianaise a thabhairt. Tar éis dóibh Dioplóma Gairmiúil i Staidéir Idirghabhálacha a chur i

gcrích, beidh céimithe incháilithe le cur ar phainéal le hoibriú laistigh de chóras dlí agus cirt na hÉireann.

An tEolas is Deireanaí ar Obair chun Neamhaird a thabhairt ar Chiontuithé Stairiúla ar Leith ar Fhir Aeracha agus Déghnéasacha

Foilsíodh tuarascáil faoi dhul chun cinn ó Ghrúpa Oibre chun Neamhaird a thabhairt ar Chiontuithé Cáilitheacha Ar Leith a scrúdú a Bhaineann le Gníomhaíocht Ghnéasach Chomhthoiliúil idir Fhir an 4 Bealtaine 2022. I measc bhaill an Ghrúpa Oibre tá ionadaithe ón Roinn, an Garda Síochána, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comh-ionannas, Oifig an Ard-Aighne agus triúr chomhaltaí den phobal LADTI+ a bhfuil saineolas acu sa réimse seo. Foilsíodh an tuarascáil faoin dul chun cinn chun aird a tharraingt ar dhul chun cinn agus béim a leagan ar phríomhfhadhbanna a aithníodh a chreideann an grúpa go mbainfeadh siad tairbhe as babhta deireanach de chomhairliúchán poiblí spriocdhírthe sula mbeidh moltaí curtha i gcrích.

Stáisiún Gardaí Nua Oscailte ag Aerfort Bhaile Átha Cliath



D'fhreastail an tAire ar an oscailt oifigiúil ar stáisiún Gardaí nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath an 6 Bealtaine. Oibríonn an stáisiún ar bhonn 24 uair a chloig agus tá 48 comhalta Garda ann. Cuireann sé ceanncheathrú nua ar fáil d'Aonad Tacaíochta faoi Airm an Gharda Síochána le hard-infheictheacht a chinntiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Oibríonn Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB) freisin ón stáisiún agus tá áiseanna ionad coinneála i bhfeidhm san fhoirgneamh ón 1 Márta 2022. Ceadáitear leis seo suas le ceathrar paisinéirí a ndiúltaítear cead a thabhairt dóibh teacht isteach sa Stát a choimeád suas le 24 uair a chloig laistigh de theorainn an aerfoirt, a chuireann ar a gcumas filleadh ar eitiltí amach gan mhoill.

Leanann an rath atá ar Obair Bhord Feidhmithe Dhroichead Átha

An 12 Bealtaine, thug Ionad Cúram Leanaí na Mónadh Móire cuireadh don Aire a n-áis nua a oscailt atá maoinithe trí Bhord Feidhmithe Dhroichead Átha. Maidir le maoiniú do Mhónaidh Mhór agus tionscnaimh eile cosúil leis, is cuid de réimse gníomhartha iad a glacadh chun sábháilteacht agus leas sa bhaile a fheabhsú.



102 Garda Nua Fianaithe ag Searmanas sa Teampall Mór

An 19 Bealtaine, d'fhreastail an tAire Nic an tSaoi ar an searmanas cáilithe ag Coláiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór chun fáilte a chur roimh 102 comhalta Garda nua-fhianaithe. Bhí an grúpa seo ar an 27ú grúpa a glacadh isteach chun tús a chur le hoiliúint sa Chlár BA i bPóilíneacht Fheidhmeach. Chuir na hearcaigh nua tús le hoiliúint ar líne i Meán Fómhair 2021 ar feadh trí seachtaine le seachtain amháin dianoiliúna i gColáiste an Gharda Síochána i nDeireadh Fómhair 2021. Thug na fianuithe seo an líon comhaltaí sa Gharda Síochána go thart ar 14,396. Orthu siúd a bhí mar fhianuithe ar an lá, bhí 38 comhalta ban (37%) agus 16 chomhalta (15%) a rugadh lasmuigh den Stát.

Saoránaigh Nua a d'fhreastail ar Shearmanas i gCill Airne

Bhí an chéad searmanas saoránachta i láthair go pearsanta ó thús phaindéim COVID-19 ar bun an 20 Meitheamh nuair a rinne 950 duine saoránaigh de chuid na hÉireann díobh féin. Tionóladh na searmanais ag Lárionad Náisiúnta Imeachtaí na hÉireann i gCill Airne, Co. Chiarraí, faoi stiúir an Bhreithimh Ard-Chúirte ar scor, an Breitheamh Brian Mac Mathúna. Tagann na searmanais shaoránachta i láthair go pearsanta i gCill Airne i ndiaidh roinnt tionscnamh a forbraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm le linn phaindéim COVID-19. I mí Eanáir 2021, thug an tAire Nic an tSaoi córas sealadach isteach chun cur ar chumas iarrthóirí a bpróiseas eadóirseachta a chur i gcrích trí dhearbhu reachtúil dílseachta a shíniú. Bhí an deis ag os cionn 15,000 iarratasóir a ndeimhnithe saoránachta a fháil tríd an gcóras sealadach.

Maoiniú do Thionscadail Athstiúrtha Óige

An 22 Meitheamh, d'fhógair an tAire Stáit, Séamas de Brún, maoiniú do Thionscadail Athstiúrtha Óige de dhíreach faoi €6.7m. Leithdháileadh an t-airgead do níos mó ná 50 tionscadal ar fud na tíre le dul i dtreo oibrithe um thacaíocht teaghlaigh a cheapadh, idirghabháil luath agus níos mó. Tháinig an fógra i ndiaidh fhoilsiú na Straitéise um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027, a chuireann creat forbartha ar fáil chun dul i ngleic le dúshláin leanúnacha, mar aon le fadhbanna nua agus fadhbanna atá ag teacht chun cinn, sa réimse um cheartas i leith an aosa óig.

Bródúil as Obair d'Éirinn

Tionóladh an dara rannpháirtíocht fhoirmiúil den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí i bparáid Bhród Bhaile Átha Cliath an 24 Meitheamh le hos cionn 1,500 státseirbhíseach a ghlac páirt faoin téama 'Bródúil as Obair d'Éirinn'. Ar na heagraíochtaí den tseirbhís phoiblí a ghlac páirt faoin téama bhí gach roinn rialtais, an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Banc Ceannais na hÉireann, na Fórsaí Cosanta, an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann, an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.



Seoladh na Neamhfhulaingthe: An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

Ar an Máirt, an 28 Meitheamh chonacthas toradh na hoibre a ghlac 18 mí ar fud na Ranna leis an Tríú Straitéis Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGIB) a fhoilsiú. Cuireann an Straitéis le dhá straitéis a tháinig roimpi chun dul i ngleic le cineál foréigin a mbíonn tionchar aige ar gach cine, aicme, inscne agus scoilteanna tíreolaíocha agus a aithníonn cé go bhféadfadh fir agus mná a bheith mar íospartaigh agus mar dhaoine a tháinig tríd, go mbíonn tionchar díréireach ar mhná agus ar chailíní.

Tá an doiciméad mar thoradh ar phróiseas tomhaiste de chomhdhearadh agus de chomhoibriú faoi stiúir na foirne beartais um Cheartas Coiriúil. Rinneadh rannpháirtíocht

agus comhairliúchán fairsing leis an bpobal, leis an earnáil FBGIB, le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí líne thosaigh maidir le cén áit ar cheart iarrachtaí a dhíriú.



4.3 Iúil - Meán Fómhair



An Roinn Dlí agus Cirt, Soláthar Seirbhísí Inimirce, Teach Timberlay, Baile Átha Cliath

An Coimisiún um Chosaint Sonraí a Leathnú

Fógraíodh faomhadh an Rialtais chun an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) a leathnú an 27 Iúil. Ar na pleananna tá 2 Choimisinéir bhreise a cheapadh chun tacú le riachtanais a bhíonn ag síorathrú agus é mar aidhm an Coimisinéir reatha a cheapadh mar Chathaoirleach CCS nua. Ón am a bunaíodh é, tá fás tagtha ar an sainordú agus ar ualach oibre an CCS. Tháinig méadú ar mhaoiniú an CCS óna leithdháileadh in 2015 de €3.647 milliún, go leithdháileadh buiséid de €23.2 milliún in 2022 de réir a bhfeidhmeanna agus a bhfreagrachtaí méadaithe.

Faomhadh Faighte do Bhille um Cheartas Coiriúil nua.

Faomhadh an Bille um Cheartas Coiriúil, a thabharfaidh isteach orduithe nua chun srian a chur le hiompar stalcaireachta, ag an Rialtas an 4 Lúnasa. Clúdaíonn an cion nua stalcaireachta “aon iompar a chuireann eagla ar an íospartach go dtarlóidh foréigean, nó a chuireann inní thromchúiseach agus ciapadh tromchúiseach ar an íospartach a bhfuil tionchar suntasach aige ar a gcuid gnáthghníomhaíochtaí ó lá go lá”. Déanfaidh an reachtaíocht atá beartaithe pianbhreith uasta mar gheall ar ionsaí is cúis le díobháil a mhéadú ó chúig bliana go deich mbliana, pianbhreitheanna saoil a cheadú do

chomhcheilg um dhúnmharú cionta neamhspleácha a dhéanamh de stalcaireacht agus tachtadh neamh-mharfach, agus an cion ciaptha reatha a leathnú.

Comóradh 50 Bliain ó osclaíodh Teach Loughan



Thug an tAire Stáit, Séamas de Brún, cuairt ar Phríosún Oscailte Theach Loughan mar chuid d'imeacht chun a gComóradh 50 Bliain a cheiliúradh. Cheannaigh an Roinn Dlí agus Cirt an foirgneamh agus an campas agus bhí sé ar oscailt le húsáid in 1972. Is príosún oscailte, le slándáil íseal, é d'fhir a bhfuil 18 mbliana d'aois nó níos mó slánaithe acu agus go bhféadfaí breathnú orthu mar dhaoine óna dteastaíonn leibhéil ísle slándála. Tá roinnt tionscadal fiontraíochta sóisialta ar an gcampas, ar shuíomh 47 acra sa Bhlaic, Co. an Chabháin, mar shampla siopa caife, ionad garraíodóireachta, niteoir gluaisteán agus ceardlann rothar. Tá feirm ag an bpríosún freisin a chuireann gníomhaíocht fhiúntach ar fáil do líon príosúnach.

Fógairt PFO Ainmnithe an Údaráis Cearrbhachais

Fógraíodh gurb í an tUasal Anne Marie Caulfield atá mar PFO Ainmnithe d'Údarás Cearrbhachais na hÉireann nua an 8 Meán Fómhair. Tá reachtaíocht á hullmhú chun bunú an údaráis rialála nua in Éirinn a chur ar fáil, agus táthar ag súil go mbeidh sé ag feidhmiú in 2023. Bhunaigh an Roinn Bord Cláir chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus lena chinntiú go bhfuil na snáitheanna oibre difriúla ag dul chun cinn i gcomhar leis an bpróiseas reachtaíochta. Tá an obair seo, mar aon leis an gceapachán níos túisce de PFO Ainmnithe, dírithe ar an am a laghdú idir achtú na reachtaíochta agus an dáta a thosóidh an rialálaí ag feidhmiú.

Tugann an tArd-Rúnaí cuairt ar Iontaobhas Pobail Ghort an Teampaill

Cuireann an tSeirbhís Phromhaidh maoiniú ar fáil d'Iontaobhas Pobail Ghort an Teampaill (CCT) i gcathair Chorcaí agus tugadh cuireadh don Ard-Rúnaí cuairt a thabhairt an 9 Meán Fómhair. Sáraíonn CCT bearnaí in oideachas foirmiúil trí scileanna ríomhaireachta,

cócaireachta agus litearthachta. Is comhpháirt den chlár í forbairt phearsanta ó tharla go dteastaíonn ó go leor rannpháirtithe athruithe a dhéanamh i meoin, creidimh agus iompair. Déanann CCT oiliúint, obair agus scileanna fiontair a thairiscint le béim ar leith ar oideachas do dhaoine fásta, adhmaadóireacht, péintéireacht agus garneoireacht.

Seoladh an Phlean um Shábháilteacht Tuaithe ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Bhí an Roinn feiceálach go maith arís ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus seoladh an Plean um Shábháilteacht Tuaithe 2022-2024 an 21 Meán Fómhair. Cuireann an plean le chéile agus láidríonn sé gach snáithe éagsúil den obair a rinneadh maidir le sábháilteacht tuaithe. Chun na hiarrachtaí comhoibríocha a léiriú agus béim a leagan ar an méid a rinne an Garda Síochána, comhlachtaí Stáit eile, an Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe, grúpaí pobail, agus tacaíocht ón rialtas, lorgaítear sa Phlean cur lenár slándáil inár réimsí tuaithe agus neartaíonn sé an tábhacht atá ar leas phobail tuaithe na hÉireann.



hóstáil ag an Aire Nic an tSaoi. Glacadh le 'Dearbhú Bhaile Atha Cliath' ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe ag deireadh na comhdhála, le 38 tír as an 46 tír a d'fhreastail ag tacú leis an Dearbhú. Ba chéim mhór chun cinn an chomhdháil agus an dearbhú mar thoradh air chun cur le hiarrachtaí na hEorpa dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe. Leagann an Dearbhú amach sraith céimeanna chun cosc a chur le foréigean baile, gnéasach & inscnebhunaithe.

4.4 Deireadh Fómhair - Mí na Nollag



An Roinn Dlí agus Cirt, Plás Íle, Baile Átha Cliath

Mí Feasachta na Cibearshlándála

Sheol an Roinn agus an Garda Síochána comhfheachtas feasachta poiblí chun mí feasachta na cibearshlándála a cheiliúradh an 4 Deireadh Fómhair. Áiríodh san fheachtas imeachtaí poiblí a d'óstáil Oifigí áitiúla um Chosc na Coireachta a dhírigh ar an mbaol a bhaineann le coir ar líne do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, agus do dhaoine scothaosta. Fuair na tionscnaimh tacaíocht ó Bhiúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána, an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, agus an Rialtas mar chuid de Mhí Eorpach na Cibearshlándála. Is é an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) aonad oibríochta an rialtais le haghaidh slándáil líonraí agus faisnéise agus feidhmíonn sé mar phointe teagmhála lárnach sa chás go mbíonn eachtra cibearshlándála sa rialtas nó ar bhonn náisiúnta a mbíonn tionchar aige ar an Stát

An Garda Síochána ag Comóradh Céad Bliain

Chun an comóradh céad bliain a cheiliúradh de chuid an Gharda Síochána, bhronn an tAire Dlí agus Cirt bonn comórtha céad bliain ar an gCoimisinéir Drew Harris an 12 Deireadh Fómhair agus ghlac sí buíochas leis as a sheirbhís don Stát.

Gheobhaidh comhaltaí incháilithe de chuid an Gharda Síochána atá ag fónamh agus an fhoireann ar fud na tíre boinn chomórtha faoi seach chun an céad bliain a chomóradh den Gharda Síochána. Beidh na píosaí comórtha i dteannta teastas buíochais arna shíniú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Coimisinéir an Gharda Síochána. Gheobhaidh Gardaí atá ar scor píosaí comórtha freisin, agus bronnfar boinn ar neasghaol na nGardaí a maraíodh agus iad ar dualgas agus ar bhaintreach/bhaintreach fir de Ghardaí éagtha ar scor. Mar an gcéanna, bronnfar boinn chomórtha ar fhoireann Garda ar scor agus ar bhaintreach/bhaintreach fir de chomhalta foirne éagtha ar scor. Tá na cuir i láthair mar chuid de chlár tionscnamh dlí agus cirt níos leithne go náisiúnta faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán.



Seoladh Chiste Nuálaíochta um Shábháilteacht Pobail

Fógraíodh deontais atá níos mó ná €2 milliún, mar chuid de Chiste Nuálaíochta um Shábháilteacht Pobail an 17 Deireadh Fómhair. Ba é an chéad bhabhta de dheontais a tugadh amach ó bhunaigh an tAire Nic an tSaoi agus an tAire Caiteachais Phoiblí Micheál Mac Craith an Ciste Nuálaíochta um Shábháilteacht Pobail. Ath-infheistíonn an ciste fáltais ó choireacht ar a ngabhann an Biúro um Shócmhainní Coiriúla seilbh i dtionscadail áitiúla chun pobail níos láidre agus níos sábháilte a thógáil. Bainfidh 22 tionscadal pobail ar fud na tíre tairbhe as deontais idir €5,000 agus €150,000, a thacóidh le tionscadail nuálaíochta a chur ar fáil chun sábháilteacht pobail a fheabhsú ina gceantair áitiúla.

Reachtaíocht Fuathchoireachta Foilsithe

Tar éis faomhadh a fháil ón Rialtas, foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Gríosú chun Foréigin nó Fuatha agus Cionta Fuatha) 2022 an 27 Deireadh Fómhair. Déanfaidh an reachtaíocht nua coir as aon chumarsáid nó iompar d'aon turas nó meargánta ar dócha go ngríosódh sé foréigean nó fuath i gcoinne duine nó daoine mar gheall go mbaineann tréith

chosanta leo. Cruthóidh sé cineálacha nua, troma de chionta coiriúla reatha, ina bhfuil fuath taobh thiar de na cionta sin de thréith chosanta. Beidh pionós curtha leo agus sonrúidh an taifead coiriúil go soiléir gur coir fuatha a bhí sa chion. Rinneadh líon príomhathruithe ó foilsíodh an Scéim Ghinearálta den Bhille in Aibreán 2021 agus tá siad léirithe sa Bhille iomlán mar atá faofa ag an gComh-aireacht. Ina measc, tá foráil ghinearálta sa Bhille anois chun fíor-shaoirse cainte a chosaint a thuilleadh.

Seoladh na Straitéise Nuálaíochta um Earnáil an Dlí agus Cirt

Seoladh an chéad Straitéis Nuálaíochta um Earnáil an Dlí agus Cirt an 28 Deireadh Fómhair chun tacú leis an earnáil feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse, cur le leanúnachas, tré-dhearcacht, cothroime agus cuimsiú, agus neamhéifeachtúlachtaí a laghdú. Tá sé mar aidhm aici freisin tacú le nuálaíocht ar fud na hearnála agus leis an bhforbairt ar chur chuige níos córasaí i leith seirbhísí. Bhí an fhoireann Dearadh Seirbhíse in Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (CTI) i gceannas ar fhorbairt na straitéise, ach tógadh í i ndlúthchomhairle le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Dlí agus Cirt.

Oscailt oifigiúil na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann.

Bhí oscailt oifigiúil na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann ar siúl an 4 Samhain. Agus í faoi chúram na Roinne Sláinte, ba chéim mhór chun cinn é seo chun moltaí an Tascfhórsa Ardleibhéil a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le dúshlán mheabhairshláinte agus dúshlán andúile dóibh siúd a tháinig i dteagmháil le hEarnáil an Cheartais Choiriúil. Tiocfaidh an tsaoráid nua i bPort Reachrann in ionad an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i nDún Droma atá 172 bliain d'aois, le Seirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí. Nuair a bheidh sí faoi lán seoil cuirfidh an tsaoráid cúram ar fáil do 170 othar ar champas.



Ceadaíonn an Rialtas Foilsiú an Bhille um Rialáil Cearrbhachais

Cheadaigh an Rialtas foilsiú an dréacht-Bhille um Rialáil Cearrbhachais 2022 an 17 Samhain 2022. Leagann an Bille amach an creat le haghaidh réimeas nua-aimseartha, láidir rialála agus ceadúnaithe don earnáil chearrbhachais in Éirinn. Déanfaidh an tÚdarás nua monatóireacht ar chomhlíonadh agus cur i bhfeidhm an chur chuige ceadúnaithe atá beartaithe, lena n-áirítear smachtbhannaí riaracháin agus cionta a ionchúiseamh nuair nach rabhtas ag comhlíonadh an dlí. Forálann an Bille bunú Chiste Tionchair Shóisialta chun tacú le taighde agus eolas, oideachas agus bearta feasachta a mhéadú agus gníomhaíochtaí cóireála um fhadhbanna cearrbhachais ag gairmithe sláinte ábhartha.

Bille na gCúirteanna Teaghlaigh and an Chéad Straitéis Náisiúnta Ceartais Teaghlaigh

Fuarthas cead ón Rialtas Dé Máirt an 15 Samhain Bille na gCúirteanna Teaghlaigh and an Chéad Straitéis Náisiúnta Ceartais Teaghlaigh a fhoilsiú. Ba chéim mhór chun cinn a bhí sna foilseacháin seo i dtreo athruithe sa chóras ceartais teaghlaigh agus chun rochtain a fheabhsú do cheartas, mar atá geallta sa Chlár Rialtais agus i bPlean Dlí agus Cirt 2022. Cruthóidh Bille na gCúirteanna Teaghlaigh Ard-Chúirt Teaghlaigh, Cúirt Chuarda Teaghlaigh, agus Cúirt Dúiche Teaghlaigh nua tiomnaithe laistigh de struchtúir chúirte reatha. Forálann an Bille le haghaidh nósanna imeachta cúirte a thacaíonn díospóidí a réiteach ar bhealach níos gasta agus a mbaineann níos lú sáraíochta leis. Trí na spriocanna agus na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm sa Straitéis Náisiúnta Ceartais Teaghlaigh, cuirfidh an córas ceartais teaghlaigh leanaí sa lár, ag tacú leo chun a nglórtha a chloisteáil. Beidh sé níos éasca ar dhaoine eolas a rochtain faoi chóras ceartais teaghlaigh agus na seirbhísí agus na tacaíochtaí.



An chéad chruinniú de Ghrúpa Feidhmithe Straitéis Cheartais Teaghlaigh

Foilsíú an Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

Dé Máirt, an 22 Samhain, fuair an tAire Nic an tSaoi faomhadh an Rialtais chun an Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail a fhoilsíú. Is príomhghné é an Bille de phlean athchóirithe póilíneachta an Rialtais - “Seirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí” a forbraíodh chun éifeacht a thabhairt den Choimisiún maidir le Todhchaí na Póilíneachta. Is iad príomhchuspóirí an Bhille an cosc ar dhíobháil do dhaoine aonaracha atá mar chuspóir soiléir den Gharda Síochána agus creat rialachais nua stuama agus maoirseachta póilíneachta a thacaíonn le cuntasacht soiléir agus éifeachtacha a chur ar fáil. Leagann an Bille béim ar an ngá atá le sábháilteacht pobail a leabú mar fhreagracht an Rialtais iomláin, ag aithint nach freagracht na Roinne Dlí agus Cirt agus an Gharda Síochána amháin í.

Bunú Bhord Feidhmithe Ghort na Silíní

Fógraíodh bunú grúpa nua chun tacaíochtaí a chur i bhfeidhm agus a chomhordú do phobal Ghort na Silíní an 24 Samhain. Oibreoidh an Bord nua le gníomhaireachtaí an Rialtais agus an Stáit chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail chun pobal láidir, sábháilte a thógáil i nGort na Silíní. Beidh an múnla a lean Bord Feidhmithe Ghort na Silíní cosúil le Bord Feidhmithe Dhroichead Átha, sa chás go bhfuil cathaoirleach neamhspleách ag obair le ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail agus ar thionscnaimh chun sábháilteacht agus folláine a fheabhsú.



Glacann an tAire Heather Mhic Unfraidh le Punann Ceartais

An 25 Samhain, shann an Taoiseach an Roinn Dlí agus Cirt don Aire Heather Mhic Unfraidh chun an tAire Eiléana Nic an tSaoi a éascú le dul ar saoire mháithreachais. D’fhan an tAire Nic an tSaoi mar chomhalta den rialtas, gan punann, agus bhí socruithe riaracháin i bhfeidhm chun tacú léi maidir leis seo de réir mar ba ghá.

‘Athchiontú a Thuiscint: Tosca Brú agus Freagairtí Coiscitheacha’ foilsithe

Chuaigh an Grúpa Idirghníomhaireachta d’Éirinn níos Cothroime, níos Sábháilte faoi chathaoirleacht an Leas-Rúnaí John O’Callaghan i gcomhar le Ranna Rialtais agus


gníomhaireachtaí ábhartha chun Mear-athbhreithniú ar Fhianaise a éascú, agus foilsíodh é ar an 30 Samhain. Tarraingíonn an t-athbhreithniú le chéile na tosca brú atá nasctha le hathchiontú agus éifeachtacht na gclár idirghníomhaireacht-bhunaithe a chuireann ar chumas daoine bogadh ón athchiontú. Cabhróidh an píosa taighde seo le sonraí a fheabhsú ar fud gníomhaireachtaí sa réimse a fheabhsaíonn comhoibriú idirghníomhaireachta a bhaineann leo siúd a athchiontaíonn a bhainistiú.

Síneadh curtha le Scéim Abhaile

I gcomh-fhógra an 30 Samhain, d'fhógair an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Coimirce Sóisialaí go leanfar leis an Scéim Abhaile, chun tacú le teaghlaigh i riaráiste morgáiste go dtí deireadh 2023. Ba iad an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt a mhaoinigh agus a bhainistigh Abhaile le chéile, agus go dtí seo tá comhairle airgeadais curtha ar fáil mar aon le tacaíocht idirbheartaíochta do os cionn 19,300 teaghlach atá i mbaol a dtithe a chailleadh. Tá athbhreithniú straitéiseach de Scéim Abhaile ar siúl faoi láthair ag comhairleoirí neamhspleácha. Tá an t-athbhreithniú seo ag scrúdú oibríocht agus cuspóirí iomlána na seirbhíse Abhaile agus éifeachtacht struchtúir reatha Abhaile.

Searmanais Shaoránachta á Reáchtáil i gCill Airne

Ar an Luan, an 5 Nollaig, tháinig searmanais shaoránachta ar scála mór ar ais arís i Lárionad Náisiúnta Imeachtaí na hÉireann i gCill Airne nuair a d'óstáil an tAire de Brún 3 ócáid speisialta. Bhí ceol agus óráidí ón Aire agus ó iarbhreithiúna, an Breitheamh Bryan McMahon agus an tUasal Paddy McMahon ag na searmanais. Rinneadh saoránaigh Éireannacha nua de thart ar 3,500 duine le hiarratasóirí ó bhreis is 130 tír ag glacadh mionn dílseachta do Stát na hÉireann agus ag fáil a dteastais eadóirseachta.



Forbairtí nua san OCI

Sheol an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta bota comhrá uathobrithe nua, 'Erin' ar a suíomh gréasáin an 11 Nollaig, chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'iarrthóirí um Chosaint Idirnáisiúnta. Agus iarratais um Chosaint Idirnáisiúnta ar leibhéal níos airde ná riamh, cuireann 'Erin' freagraí ar fáil 7 lá na seachtaine do na ceisteanna coitianta. Ag an am céanna le fás in iarratais, phléigh an fhoireann um Seirbhís do Chustaiméirí IPO le sreabhadh isteach an-ard de cheisteanna ginearálta. In 2022, ba é an líon iomlán de cheisteanna a fuarthas ná 65,497.



An tAire Síomón Ó hEarchaí Ceaptha mar Aire Dlí agus Cirt

Ceapadh Síomón Ó hEarchaí mar Aire Dlí agus Cirt don chuid eile de shaoire mháithreachais Eiléana Nic an tSaoi. Ghlac an tUasal Ó hEarchaí leis an ról an 17 Nollaig, mar chuid den atheagar rialtais, in éineacht le bheith athcheaptha ina ról reatha mar Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.



5. Freagairt ar an Úcráin

Le linn cruinniú urghnách de Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 4 Márta, rinneadh cinneadh Treoir Chosanta Shealadach a chur i ngníomh, chun freagairt don díláithriú ollmhór de mhuintir na hÚcráine mar gheall ar ionsaí na Rúise. Ba é an chéad uair gur cuireadh an Treoir i ngníomh ón uair gur tugadh isteach é in 2001.

Ghlac Éire páirt i mbeartas seo an AE, a fuair éifeacht dhlíthiúil faoi Chuid 60 d'Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015. Cuireadh freagra comhordaithe ón Rialtas ina iomláine i bhfeidhm, le ranna Rialtais agus seirbhísí éagsúla ag obair i gcomhar le chéile chun tiomantais na hÉireann a chur i bhfeidhm. Laistigh den chéad choicís tháinig 2000 Úcránach ag lorg tearmainn in Éirinn. Ag tús mhí an Mhárta bunaíodh grúpa freagartha éigeandála chun freagairt na Roinne don éigeandáil a chomhordú. Bhí an grúpa freagartha dírithe ar inimirce, ceadanna a bhronnadh, clárúchán, agus tacaíochtaí a théann leo. Ba é David Delaney, Stiúrthóir ar Sholáthar Seirbhísí Inimirce a bhí i gceannas ar an ngrúpa agus fuair sé tacaíocht ó fhoireann a bhí beag ach lúfar ó Sholáthar Seirbhísí Inimirce agus Beartas Inimirce.



Agus iad ag cur le tacaíochtaí a cuireadh ar fáil cheana don Aonad Bainistíochta Teorann, shocraigh an grúpa áis chlárúcháin agus fáilte a bhunú in Aerfort Bhaile Átha Cliath. An 9 Márta, chuir an áis fáilte roimh Úcránaigh a bhí ag teitheadh ó fhoréigean ina dtír féin. Nuair a tháinig na daoine, tugadh pacáistí fáilte dóibh agus rochtain ar bhia agus ar earraí sláinteachais. Fuair an iarracht go leor cúnamh ó ghnólachtaí mion-díoltóireachta, teileachumarsáide agus earnálacha eile.

Agus ag aithint go dtiocfadh fás ar an bhfreagairt ar scála agus fad ama, lean an Roinn ag cur leis an bhfoireann agus ag athchumrú i gcaitheamh na bliana. Bunaíodh ionaid fáilte do dhaoine a tháinig as an Úcráin ní hamháin in Aerfort Bhaile Átha Cliath, ach níos déanaí aistríodh go hIarthar na Cathrach é agus go hEoraphort Ros Láir chomh maith le hionaid tacaíochta ar Shráid Chorcaí i mBaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí agus Cathair Luimnigh.

Is féidir luas agus scála na freagartha a fheiceáil i bhfás na n-iarratas ar Chosaint Shealadach sna 10 seachtaine tar éis ionradh na Rúise. Laistigh den chéad 10 seachtaine, tháinig ardú ar líon na

nÚcránach agus na Náisiúnach ó 3ú Tír a tháinig isteach sa tír a lorg cosaint shealadach ó 93 go 4,249^{II}.

SEACHTAIN	DÁTAÍ	AERFORT ÁTHA CLIATH	CALAFIORT IONTRÁLA EILE	IOMLÁN
Seachtain 1	25/02 - 27/02	92	1	93
Seachtain 2	28/02 - 06/03	1,698	139	1,837
Seachtain 3	07/03 - 13/03	3,423	547	3,970
Seachtain 4	14/03 - 20/03	3,125	737	3,862
Seachtain 5	21/03 - 27/03	3,401	848	4,249
Seachtain 6	28/03 - 03/04	3,434	782	4,216
Seachtain 7	04/04 - 10/04	2,973	483	3,456
Seachtain 8	11/04 - 17/04	2,006	412	2,418
Seachtain 9	18/04 - 24/04	900	252	1,152
Seachtain 10	25/04 - 01/05	1,380	292	1,672
IOMLÁN				26,925

Ag deireadh mhí na Nollag 2022, eisíodh níos mó ná **70,000** teastas um Chosaint Shealadach mar chuid den fhreagairt ar an Úcráin

- De réir inscne, bhí **63%** (*circa* 44,000) baineann agus **37%** (*circa* 26,000) fireann
- Tá **41,500** díobh 16 bliana déag d'aois nó os a chionn agus ní mór a gcead a fháil le bheith cláraithe

Léiríonn an obair - chun cabhrú leo siúd agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin - na luachanna atá sa Roinn agus freisin sa tír a d'fhreagair chomh croíúil sin do chruachás mhuintir na hÚcráine. Ar gach leibhéal, ón mBord Bainistíochta go dtí an fhoireann a raibh páirt acu i ndualgais ar an líne thosaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus in Ionaid Tacaíochta na hÚcráine i gCathair Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Ros Láir agus Luimneach, d'fhreagair an Roinn go hiomlán thar réimse ábhar reachtaíochta, beartais agus cumarsáide.

^{II} Bhí na figiúirí seo taifeadta de láimh ar fud chalafoirt na tíre ó baineadh riachtanais an víosa de náisiúnaigh na hÚcráine.

6. Reachtaíocht

Billí Reachtaíochta Coiriúla achtaithe in 2022

Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríocháin), 2022

Síníodh an Bille ina dhlí an 4 Bealtaine agus éascaíonn sé múnla oibríochta nua an Gharda Síochána a thabhairt isteach. Tá sé mar phríomhaidhm ag an reachtaíocht na hathruithe teicniúla a dhéanamh atá riachtanach chun an múnla oibríochta a chur i bhfeidhm go hiomlán. Déanann sé foráil freisin do thástáil drugaí chomhaltaí an Gharda Síochána, agus baill foirne sibhialtacha, a oibríonn laistigh den Gharda Síochána. Cuirfidh an múnla oibríochta nua le struchtúr, próisis agus rialachas an Gharda Síochána, ag cur níos mó béime ar phóilíneacht áitiúil. Leasaíonn an Bille tagairtí do dhúichí an Gharda ar Leabhar na Reachtaíochta chun éascaíocht a dhéanamh ar mhúnla póilíneachta rannáin.. Cuirfear tagairtí do “rannán Garda” in ionad fhormhór na dtagairtí do “dhúiche Garda”. Déanfar gach seirbhís a bhainistiú agus a chomhordú ar leibhéal rannáin.

Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2022

Is é sainchuspóir an Achta ceart a bhunú go soiléir ag aon chomhalta den Gharda Síochána chun ionchúiseamh a sheoladh, cibé acu a thionscain nó nár thionscain an comhalta sin an t-ionchúiseamh. Athbhunaítear leis an gcóras láithreoirí cúirte a bhí ann roimh chinneadh na hArd-Chúirte an 31 Bealtaine 2022. Is comhaltaí iad na láithreoirí cúirte den Gharda Síochána a dhéanann speisialtóireacht in obair chúirte sa Chúirt Dúiche a phléann le hábhair nóis imeachta lena n-áirítear fianaise gafa, cúisimh agus rabhadh sna chéad láithris sa chúirt, curtha ar athchúirt, iarratais ar bhannaí agus achoimre ar fhianaise a chur i láthair i bpléadálacha ciontacha. Ligeann an cleachtas ceadú do chomhaltaí Garda ar leith na ról seo a chomhlíonadh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní póilíneachta tríd an ngá atá le Gardaí aonair freastal ar an gcúirt a laghdú chun gach cion coiriúil a bhraitheann siad a ionchúiseamh. Síníodh an Bille ina dhlí an 17 Meitheamh agus tiocfaidh an leasú i bhfeidhm ar achtachán.

An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) (Leasú), 2022

Leasaítear an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, le hAcht 2022 chun deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil ag féachaint do rialuithe tábhachtacha a rinne Cúirt Bhreithiúnais an AE. Déantar socrú leis maidir le rialacha uasdátaithe a bhaineann le soláthraithe seirbhísí do choimeád catagóirí áirithe sonraí cumarsáide (neamh-inneachair) agus maidir le rochtain ar na sonraí sin. Foráiltear leis an Acht, go háirithe, nach incheadaithe sonraí tráchta agus suímh cumarsáide a choimeád go ginearálta neamh-idirdhealaitheach ach ar fhorais slándála náisiúnta amháin, i gcás é sin a bheith formheasta ag breitheamh ainmnithe den Ard-Chúirt ar iarratas a bheith déanta ag an Aire Dlí agus Cirt, bunaithe ar mheasúnú ar bhagairt. Tugtar isteach leis an Acht, chomh maith, córas údaruithe breithiúnacha i gcomhair rochtana ag údaráis inniúla ar shonraí tráchta agus suímh, lena n-áirítear dhá chineál nua orduithe dlíthiúla, orduithe caomhnaithe agus tabhartha ar aird, is infheidhme maidir le sonraí cumarsáide in imthosca leithleacha. Coimeádtar cosaintí atá ann faoi láthair, lena n-áirítear formhaoirseacht ag breitheamh ainmnithe agus réiteoir gearán, agus cuirtear cosaintí nua ar fáil, amhail i ndáil leis na himthosca ina bhféadfar fógra a thabhairt do dhuine go bhfuil rochtain faighte ar a gcuid sonraí. Síníodh an tAcht ina dhlí ar an 21 Iúil.

Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022

Forálann an tAcht athchóiriú iomlán den scéim um chúiteamh do Gharda atá i bhfeidhm ó na 1940idí. Tá Scéim um Chúiteamh do Gharda le haghaidh comhaltaí an Gharda Síochána a d'fhulaing díobhálacha pearsanta agus iad i mbun a ndualgas, chun cabhrú le comhaltaí a ndéanfaidh an scéim difear dó nó di tacaíocht riachtanach a fháil chun teacht slán agus cúiteamh a thabhairt dóibh as a ndíobhálacha. Tá an scéim oscailte do chleithiúnaithe chomhaltaí an Gharda Síochána a maraíodh nuair a bhí siad ar dualgas, nó ag feidhmiú ina fheidhmeannas ghinearálta mar chomhalta, nó díreach mar gheall gur comhalta den Gharda Síochána iad. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an Acht, a síníodh sa dhlí an 24 Deireadh Fómhair, ná an fad ama a laghdú a ghlacann sé plé le héilimh ar chúiteamh do Gharda leis

an iarratas ar dtús, ar aghaidh go dtí an cúiteamh a bhronnadh agus chun costais dhlíthiúla a laghdú.

Billí Reachtaíochta Coiriúla foilsithe in 2022

- An Bille um Barántas Gabhála Eorpach (Leasú), 2022
- Bille an Gharda Síochána (Leasú), 2022
- An Bille Cumarsáide (Coinneáil Sonraí) (Leasú), 2022
- Bille an Gharda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2022
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha)
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Gríosú chun Foréigin nó Fuatha agus Cionta Fuatha), 2022

Scéimeanna Ginearálta Reachtaíochta Coiriúla foilsithe in 2022

- An Bille Cumarsáide (Coinneáil Sonraí) (Leasú), 2022
- An Bille um Chigireacht ar Áiteanna Coinneála
- An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2022

Billí Reachtaíochta Sibhialta achtaithe in 2022

An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022

Bhí gach céim de Bhille um an Dlí Sibhialta (Forálacha ilghnéitheacha) 2022 rite i dTithe an Oireachtais agus shínigh an tUachtarán an Bille seo ina dhlí an 14 Iúil. D'éirigh leis an mBille gealltanais a chur ar fáil le reachtaíocht a achtú sa chaoi agus nach mbeadh moill ar thús a chur le hionchoisní Stardust. Thug an tAire aghaidh ar na hábhair inmí a d'ardaigh teaghlach na n-íospartach, mar aitheantas go bhféadfadh na hionchoisní a bheith ar siúl ar feadh roinnt míonna, agus é feasach freisin ar na prionsabail a thacaíonn le seirbhís giúiré mar

dhualgas sibhialta nach mór a dhéanamh go neamhchlaonta agus go cothrom. Tugann Cuid 8 den Bille cead do Chróinéir Bhaile Átha Cliath an cúnamh a lorg ón tSeirbhís Chúirteanna giúiré a roghnú d'ionchoisne Stardust ar an mbealach céanna le nósanna imeachta sna cúirteanna sibhialtaigh agus coiriúla.

Billí Reachtaíochta Sibhialta foilsithe in 2022

- An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha
- Bille na gCúirteanna agus an Dlí Shibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- Bille na gCúirteanna Teaghlaigh, 2022
- An Bille um Rialáil Cearrbhachais, 2022

Scéimeanna Ginearálta Reachtaíochta Sibhialta foilsithe in 2022

- An Bille um Dhíol Alcóil - Scéim Ghinearálta a d'fhaomh an Rialtas an 25 Deireadh Fómhair 2022.

7. Dul chun cinn faoi Phlean Dlí agus Cirt 2022

Tá Plean Dlí agus Cirt 2022 ar an dara ceann i sraith de phleananna bliantúla chun an uailmhian a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise 2021-2023 ón Roinn Dlí agus Cirt, *Éire atá sábháilte, cothrom agus ionchuimsitheach*, a chur i gcrích.


Tá gníomhartha sa phlean i ngrúpa laistigh de chúig sprioc straitéiseacha don tréimhse trí bliana seo:

1. Dul i ngleic le coireacht, cur leis an tslándáil náisiúnta agus póilíneacht a athrú ó bhonn.
2. Rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus córas na gcúirteanna a nuachóiriú.
3. Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe.
4. Córas cothrom inimirce a bhaint amach san aois dhigiteach.
5. Dlús a chur le nuálaíocht, claochlú digiteach agus gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála dlí agus cirt.

Lena chinntiú go raibh an dul chun cinn ar ghníomhartha faoin bplean Dlí agus Cirt intomhaiste agus follasach, bhí an Roinn tiomanta ar dhá thuarascáil a fhoilsiú ar dhul chun cinn i gcoinne an Phlean go bliantúil, i lár na bliana agus ag deireadh na bliana. Thug an Rialtas suntas den tuarascáil i lár na bliana ar an dul chun cinn ar Phlean Dlí agus Cirt 2022 agus foilsíodh é in 2022 agus tá an t-athbhreithniú deireadh bliana de Phlean Dlí agus Cirt 2022 leagtha amach anseo thíos.

Tá Plean Dlí agus Cirt 2022 agus Ráiteas Straitéise 2021-2023 ón Roinn Dlí agus Cirt foilsithe anois ar www.gov.ie.

Stádas Foriomlán Ghníomhartha Phlean Dlí agus Cirt 2022



Ar na 265 gníomh atá sa Phlean Dlí agus Cirt 2021, baineadh amach 165 gníomh (62%) agus tá gá le breis oibre ar 100 gníomh (38%) chun iad a chur i gcrích. Gabhadh na nuashonruithe stádais deireadh bliana do ghníomhaíochtaí an Phlean Dlí agus Cirt 2022 amhail an 31 Nollaig 2022.

7.1 Sprioc 1: Dul i ngleic le coireacht, cur leis an tslándáil náisiúnta agus póilíneacht a athrú ó bhonn

De réir mar a leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2021-2023 dár gcuid, díreoimid sna trí bliana sin ar na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas chun an sprioc seo a bhaint amach:

1. Seirbhís cheannródaíoch chuntasach póilíneachta a fhorbairt trí Seirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí a chur i bhfeidhm
2. Clár cuimsitheach a chur ar fáil chun feidhmiú an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú
3. Cibearchoireacht a chomhrac, tacú le sábháilteacht ar líne agus ullmhú do na dúshláin a bhaineann le hIntleacht Shaorga trí bheartais agus reachtaíocht níos láidre
4. Bearta a neartú chun sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach agus eagraithe eile a chomhrac trí ghníomhaíocht intíre agus comhoibriú idirnáisiúnta
5. An dlí agus nós imeachta coiriúil a athchóiriú, a athbhreithniú agus a nuachóiriú chun feidhmiú éifeachtúil éifeachtach an chórais ceartais choiriúil a fheabhsú agus chun tacú leis an bhfeidhmiú sin
6. Rialachas láidir sna comhlachtaí ar fad ar fud na hearnála ceartais choiriúil a chinntiú agus maoirseacht dhúshlánach thacúil a chur ar fáil do na comhlachtaí sin

D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, dhíríomar ar na gníomhartha seo a leanas, a dtugtar tuairisc ar dhul chun cinn ina leith sin thíos.

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
CUSPÓIR					
Seirbhís cheannródaíoch chuntasach póilíneachta a fhorbairt trí Seirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí (APSFF) a chur i bhfeidhm					
1	Leanúint den mhonatóireacht ar an líon daoine atá i Lucht Saothair an Gharda Síochána agus tacú le hearcú leanúnach Chomhaltaí an Gharda Síochána, Chúltaca an Gharda Síochána agus Fhoireann an Gharda Síochána agus Comhaltaí an Gharda Síochána a aistriú chuig dualgais líne thosaigh				

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
1		1.1 An Garda Síochána/an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí — feachtas earcaíochta an Gharda Síochána a sheoladh	R1	Baineadh amach é	
1		1.2 Rang úr a ghlacadh isteach i gColáiste an Gharda Síochána ó chomórtas earcaíochta roimhe seo	R2	Baineadh amach é	
1		1.3 An grúpa ón gcomórtas nua a ghlacadh isteach i gColáiste an Gharda Síochána	R3	Baineadh amach é	
1		1.4 Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna earcaíochta foirne (400) agus ath-implonaithe an Gharda Síochána (170)	R4	Baineadh amach é	
2	Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar ról an Gharda Síochána maidir le hionchúisimh				
2		2.1. Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe Ardleibhéil maidir le ról an Gharda Síochána sa chóras ionchúiseamh poiblí a chur faoi bhráid an Rialtais agus moltaí soiléire a thabhairt	R2	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
		2.2. Ceannaireacht a ghlacadh chun aon mholtaí ón nGrúpa Athbhreithnithe Ardleibhéil a bhaineann le beartas ceartais choiriúil a chur i ngníomh	R4		Níor baineadh amach é go fóill
3	Dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail chun creat nua comhleanúnach rialachais agus maoirseachta don phóilíneacht a chur ar trína ndéanfaí comhairliúchán cuí a chinntiú				
3		3.1. An Bille a fhoilsiú	R2	Baineadh amach é	
3		3.2. An Bille a achtú	R4		Níor baineadh amach é go fóill
4	An clár for-fheidhmithe don Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail a bhunú agus a bhainistiú				
4		4.1 Tuairiscí ar dhul chun cinn a thabhairt don Aire gach ráithe	R1	Baineadh amach é	
4		4.2 Plean le haghaidh ceapachán agus earcaíochta, a bheidh riachtanach faoin reachtaíocht nua, a thabhairt chun críche	R3	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
5	Oibriú i gcomhar leis an nGarda Síochána, an Roinn Iompair agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le dul chun cinn a dhéanamh chun <i>Seirbhís Póilíneachta dár dThodhchaí</i> a bhaint amach agus tuairiscí rialta ar dhul chun cinn a thabhairt don Aire		Fós ar bun	Baineadh amach é	
6	Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Slándála				
6		6.1 An tuarascáil deiridh ón nGrúpa Athbhreithnithe don Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit a chur faoi bhráid an Rialtais	R2		Níor baineadh amach é go fóill
6		6.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha reachtaíochta eile	Fós ar bun	Baineadh amach é	
7	Tacú le hoibriú bonneagair éifeachtaigh slándála i gcomhréir le moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn trí infheistíocht a chur i gcórais faisnéise nua-aimseartha agus i sain-acmhainní		R4	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
8	Moltaí ón athbhreithniú ar Shlándáil na gCúirteanna a chur i bhfeidhm				
8		8.1 Grúpa Oibre a Bhunú	R1	Baineadh amach é	
8		8.2 Moltaí a chomhaontú	R3		Níor baineadh amach é go fóill
8		8.3 Tús a chur leis an gcur i bhfeidhm	R4		Níor baineadh amach é go fóill
9	Bille an Gharda Síochána (Cumhachtaí) a fhoilsiú chun cumhachtaí cuardaigh, gabhála agus coinneála na bpóilíní a chódú		R3		Níor baineadh amach é go fóill
10	An Bille um Thaifeadtaí Digiteacha a fhoilsiú agus a achtú le go mbeidh an Garda Síochána in ann úsáid a bhaint as taifeadadh digiteach, lena n-áirítear ceamaraí éide, dróin, CCTV agus uathaithint uimhirphlátaí (UAUP)				
10		10.1 An Bille a fhoilsiú	R1	Baineadh amach é	
10		10.2 Oibriú i gcomhar leis an nGarda Síochána chun forbairt thráthúil na gcód iompair a chinntiú ar mhaithe le tosach feidhme	R4	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
10		10.3 Oibriú i gcomhar leis an nGarda Síochána lena chinntiú go mbeidh dóthain caipitil ann chun é a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach	Fós ar bun	Baineadh amach é	
11	Oibriú i gcomhar le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun na bearta stairiúla i gComhaontú Áras Stormont, agus na gealltanais a rinneadh de dhroim Chomhaontú Aoine an Chéasta, a chur chun cinn		R4	Baineadh amach é	
12	Athbhreithniú a dhéanamh ar chóras grinn-fhiosrúcháin an Gharda Síochána chun dul i ngleic leis na lochtanna teicniúla atá sa reachtaíocht agus chun na cosaintí do leanaí agus d'aoisigh leochaileacha a neartú		R4		Níor baineadh amach é go fóill
CUSPÓIR					
Clár cuimsitheach a chur ar fáil chun feidhmiú an Chórais Ceartais Choiriúil a fheabhsú					
13	Straitéis náisiúnta a ullmhú chun dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus le héilliú				
13		13.1 Tús a chur le comhairliúchán poiblí	R3		Níor baineadh amach é go fóill

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
13		13.2 Tús a chur leis an obair ar phlean gníomhaíochta	R4		Níor baineadh amach é go fóill
14	Tograí reachtacha a bhaineann le gnéithe ábhartha de Phlean For-fheidhmithe Hamilton a chomhaontú agus a chur chun cinn d'fhonn coireacht eacnamaíoch agus rialála a chosc agus d'fhonn freagairt go héifeachtach di				
14		14.1 Scéim Ghinearálta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), arna leasú, a fhoilsiú	R2		Níor baineadh amach é go fóill
15	Bearta AE maidir le frithsciúradh airgid a chur i bhfeidhm ionas gur féidir faisnéis airgeadais agus cuntais bainc a úsáid chun coireacht thromchúiseach a chosc agus a chomhrac ar bhealaí níos éifeachtaí				
15		15.1 Treoir (AE) 2019/1153 a thrasú; imeachtaí mar gheall ar shárú i ndáil leis an 5ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid a bhainistiú	R4	Baineadh amach é	
16	Cumas for-fheidhmithe rialála an Aonaid				

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
	Comhlíontachta um Fhrith-Sciúradh Airgid (ACFSA) a neartú mar fhreagra ar sháruithe soiléire rialála ar an dlí ag gnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe (GGNAnna) atá faoi mhaoirseacht an Aonaid				
16		16.1 Ceadú a fháil ón Rialtas le haghaidh tograí reachtacha le go bhféadfaidh ACFSA fineálacha a ghearradh as cionta diandliteanais	R4		Níor baineadh amach é go fóill
17	Sraith treoirlínte scríofa a eisiúint le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe atá faoi mhaoirseacht ACFSA an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireacht a), 2010, arna leasú, a chomhlíonadh				
17		17.1 Treoirlínte maidir le comhlíonadh a fhoilsiú do ghnólachtaí atá faoi mhaoirseacht ACFSA	R4		Níor baineadh amach é go fóill

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
18	Athbhreithniú Straitéiseach a dhéanamh ar chaidreamh na Roinne leis an Aontas Eorpach, agus a rithábhachtaí atá ballraíocht na hÉireann san Aontas — tar éis Imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach — a chur san áireamh				
18		18.1 Grúpa Oibre Ardleibhéil a bhunú ina mbeidh ionadaithe ó gach Feidhm is ábhartha	R4	Baineadh amach é	
		18.2 Tuarascáil Eatramhach agus Réamh-mholtaí a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta (R2)	R4	Baineadh amach é	
19	Plean for-fheidhmithe oibriúcháin a fhoilsiú faoi choinne thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána maidir le héilliú		R2	Baineadh amach é	
20	Go dtí go gcuirfear tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí i gcló, tograí a fhorbairt laistigh de 6 mhí chun dul i ngleic le smachtbhannaí díspeagtha cúirte as sárúithe ar rialuithe meán sóisialta		Laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála		Níor baineadh amach é go fóill

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
CUSPÓIR					
Tacú leis an obair chun dul i ngleic le cibearchoireacht, sábháilteacht ar líne a fheabhsú agus ullmhú do na dúshláin atá romhainn trí bheartais agus trí reachtaíocht níos láidre					
21	Leanúint ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Cibearshlándála Náisiúnta, lena n-áirítear trí fhreastal a dhéanamh ar an IDC agus trí thacaíocht bheartais a chur ar fáil chun an Bille um Chibearchoireacht a achtú		Fós ar bun	Baineadh amach é	
22	Scéim Ghinearálta Bille a fhoilsiú chun forálacha áirithe a bhaineann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist ar chibearchoireacht a nuashonrú, chomh maith le rochtain shonrach ar iarratais ar shonraí (mura bpléitear leo sa Bille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád)).		R2		Níor baineadh amach é go fóill
23	Comhordú a dhéanamh ar fhreagra an Rialtais ar thogra reachtach AE atá amach romhainn maidir le dul i ngleic le mí-úsáid ghnéasach leanaí, lena n-áirítear tús a chur le hullmhúcháin le haghaidh tairiscint fhéideartha na		R2	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
	hÉireann chun aon lonad Eorpach a bheartófaí — chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac — a lonnú in Éirinn				
24	Leanúint ar aghaidh ag tacú le <i>hotline.ie</i> trí níos mó ardán a spreagadh chun páirt a ghlacadh/ clárú		R4	Baineadh amach é	
CUSPÓIR					
Bearta a neartú chun sceimhlitheoireacht a chomhrac trí ghníomhaíocht intíre agus comhoibriú idirnáisiúnta					
25	An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta) a thionscnamh		R2		Níor baineadh amach é go fóill
129		129.1 Leas a bhaint as ríomh-ghrinnfhiosrúchán sa Scéim um Imircigh Fhad-téarmacha gan Doiciméid a Thabhairt chun Rialtacha	R1	Baineadh amach é	
130	Bearta a thabhairt isteach le sceidealú na gcoinní a fheabhsú i gcás custaiméirí a dteastaíonn uathu a bheith i láthair go pearsanta ag coinní chun leas a bhaint as seirbhísí.				
130		130.1 Tástáil a dhéanamh ar an gcóras nua ar líne le coinní a chur in áirithe	R2	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
130		130.2 Bearta eile nó bearta breise a fhiosrú i rith an ama chun eispéireas na gcustaiméirí a chur chun feabhais	R1	Baineadh amach é	
131	Bealaí inar féidir linn glacadh le híocaíochtaí ar líne as iarratais víosa a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm				
131		131.1 AVATS a nuashonrú in 2022 le híocaíochtaí a thabhairt isteach in 2023	R4		Níor baineadh amach é go fóill
132	Staitisticí a fhoilsiú, dhá uair sa bhliain ar a laghad, faoin líon iarratas a fuarthas, cásanna a cuireadh i gcrích, agus an fad a thógann sé de ghnáth chun iarratais a phróiseáil i ngach réimse inimirce				
132		132.1 Staitisticí a fhoilsiú	R2	Baineadh amach é	
132		132.2 Forbairt leanúnach a dhéanamh ar mhéadracht ina dtabharfar an tacaíocht agus an spreagadh is fearr d'fheabhsúcháin atá dírithe ar thorthaí an chustaiméara.	R2	Baineadh amach é	
133	Laghduithe intomhaiste ar amanna próiseála cásanna a bhaint amach i ngach réimse agus béim ar leith ar iarratais ar shaoránacht agus ar Chearta faoi Chonradh AE				
133		133.1 Saoránacht: 15,000 cinneadh déanta	R4	Baineadh amach é	
133		133.2 Cearta faoi Chonradh AE: 7,000 cás próiseáilte	R4	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
133		133.3 Cearta faoi Chonradh AE: Oiliúint shaincheaptha ar líne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ionas go dtabharfar cinntí cothroma ar bhealach éifeachtúil	R4		Níor baineadh amach é go fóill
134	An t-am próiseála a laghdú i gcás iarratais ar shaoráil faisnéise agus iarratais daoine ar a sonraí				
134		134.1 A chinntiú go n-aithnítear é sin mar spreagthóir tábhachtach i dtionscnaimh éifeachtúlachta agus dhigitithe	R1	Baineadh amach é	
CUSPÓIR - A chinntiú go gcuirtear rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm ag na teorainneacha seo againne i gcomhréir lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus chun ár slándáil náisiúnta a choimeád					
135	Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas maidir le daoine atá á gcoinneáil ar chúiseanna inimirce a choimeád i bpríosúin				
135		135.1 An tAthbhreithniú a chríochnú agus plean gníomhaíochta a fhorbairt	R2		Níor baineadh amach é go fóill
135		135.2 Tús a chur leis an bplé le páirtithe leasmhara maidir leis an bplean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm	R4		Níor baineadh amach é go fóill
136	Sláine na rialuithe teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath a choinneáil				
136		136.1 Oiliúint agus treoir oibriúcháin a choinneáil ar bun chun tacú le feidhm an rialaithe teorann	Fós ar bun	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
136		136.2 Súil a choinneáil ar amanna próiseála inimirce go leanúnach	Fós ar bun	Baineadh amach é	
		136.3 Tacú le bearta sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19 de réir mar is gá	Fós ar bun		
137	Leanúint leis an gcomhoibriú agus leis an bplé ar nithe straitéiseacha agus oibriúcháin chun sláine an Chomhlimistéir Taistil a chaomhnú				
137		137.1a Dhá chruinniú de Chomhfhóram na Roinne Dlí agus Cirt agus na hOifige Gnóthaí Baile um Chomhlimistéar Taistil a réachtáil	R2	Baineadh amach é	
137		137.1b Dhá chruinniú de Chomhfhóram na Roinne Dlí agus Cirt agus na hOifige Gnóthaí Baile um Chomhlimistéar Taistil a réachtáil	R4	Baineadh amach é	
138	An Scéim um Imircigh Fhadtéarmacha gan Doiciméid a Thabhairt chun Rialtacha a chur i bhfeidhm				
138		138.1 Tús a chur le hiarratais a ghlacadh faoin scéim um thabhairt chun rialtacha, trí úsáid a bhaint as próiseas iarratais ar líne a thiocfaidh go saoráideach chuig custaiméirí	R1	Baineadh amach é	
138		138.2 Gach iarratas neamhchasta faoin scéim a phróiseáil go héifeachtúil.	R4		Níor baineadh amach é go fóill

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
139	Cur le forbairt na n-athruithe ar an reachtaíocht agus ar bheartais arna n-aithint ag Aonaid SSI				
139		139.1 Dearadh ardleibhéil a chomhaontú chun Coiste Duine Aonair a athstruchtúrú	R1	Baineadh amach é	
CUSPÓIR - Cothroime ár gcórais inimirce a chosaint agus éifeachtúlacht ár gcórais inimirce a fheabhsú trí bheartais straitéiseacha agus tograí reachtacha nua					
140	Soláthar na moltaí sa Tuarascáil ón nGrúpa Comhairleach maidir le Soláthar Tacaíochta lena n-áirítear Cóiríocht do Dhaoine sa Phróiseas Cosanta Idirnáisiúnta (Grúpa Comhairleach Catherine Day), a sannadh don Roinn seo, a chur i gcrích.				
140		140.1 Próiseas a chur i bhfeidhm chun cead a thabhairt d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar stádas inimirce más rud é go bhfuil iarratas fós le réiteach acu agus iad i bpróiseas an iarratais ar thearmann le 2 bhliain ar a laghad	R1	Baineadh amach é	
140		140.2 Riaráistí a laghdú agus cinntí céadchéime a thabhairt laistigh de shé mhí, sprioc a bheadh ag teacht leis an amlíne le haghaidh córas cóiríochta nua a leagtar amach sa Pháipéar Bán, lena	R3		Níor baineadh amach é go fóill

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
		n-áirítear éifeachtúlachtaí níos fearr i bpróiseáil agus clárú cásanna			
140		140.3 Forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach maidir le saoránacht, inimirce agus cosaint idirnáisiúnta de réir mar is gá	R4	Curtha i gcrích	
140		140.4 Anailís a chur i gcrích i dtaca le straitéis a threorú d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír dhúchais agus i dtaca leis an moladh faoi ról an Ombudsman	R4		Níor baineadh amach é go fóill
140		140.5 Na moltaí ón Athbhreithniú Ceann go Ceann a chur i bhfeidhm	R4	Baineadh amach é	
140		140.6 Treochlár do mholtaí le cur i bhfeidhm in 2023	R4	Baineadh amach é	
141	Athbhreithniú ar thionchar na bhfeabhsúchán ar an Rochtain ar an Margadh Saothair a tugadh isteach in 2021		R3		Níor baineadh amach é go fóill
142	Bearta ón gComhchóras Tearmainn Eorpach a aithint a mbeidh Éire in ann glacadh leo anois nó amach anseo nuair a ghlacfar le bearta ar Chomhshocrú AE maidir le hImirce agus Tearmann				

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
142		142.1 Bearta reatha — Leanúint ar aghaidh leis an anailís agus leis an bplé leis na ranna rialtais ábhartha chun treoir a thabhairt don staid a mholtar	R4		Níor baineadh amach é go fóill
142		142.2 Bearta i gComhshocrú AE — Leanúint ar aghaidh leis an bplé fad atá idirbheartaíocht fós ar bun faoi na bearta ionas nach féidir glacadh le bearta faoi leith go dtí go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach leo	Le deimhniú		Níor baineadh amach é go fóill
143	Forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach maidir le saoránacht, inimirce agus cosaint idirnáisiúnta de réir mar is gá		R4	Baineadh amach é	
144	Samhail deartha don am atá romhainn a chur i gcrích faoi choinne seirbhísí inimirce, chomh maith le plan forfheidhmithe céimnithe don tsamhail chéanna				
144		144.1 Plean nuachóirithe a chomhaontú agus a thionscnamh maidir le Samhail nua le haghaidh Soláthar Seirbhísí Inimirce, lena n-áirítear aistriú i dtreo struchtúr samhla feidhmiúla, próisis a shimpliú agus córas nua cásbhainistithe	R2	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
144		144.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar rogha na víosa dul isteach iolrach a mhaireann cúig bliana agus í a chur ar fáil do thíortha eile	R2	Baineadh amach é	
144		144.3 Foireann Soláthair Samhla Oibriúcháin a chur i bhfeidhm	R2	Baineadh amach é	
144		144.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar chineálacha eile iarratais a bhféadfaí iad a aistriú chuig samhail réamh-imréitigh agus, mar sin, cinnteacht a thabhairt d'iarratasóirí roimh theacht dóibh go hÉirinn	R4	Baineadh amach é	
CUSPÓIR -					
Ár seirbhísí inimirce a athstruchtúrú chun freastal níos fearr a dhéanamh ar ár gcustaiméirí agus ar ár dtír					
145	Dul chun cinn a dhéanamh ar aistriú leanúnach na bhfeidhmeanna inimirce ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chun na Roinne Dlí agus Cirt				
145		145.1 Treochlár a chur i gcrích agus a fhoilsiú chun na feidhmeanna inimirce ar fad a aistriú chun na Roinne	R2		Níor baineadh amach é go fóill
145		145.2 Tús a chur le haistriú na bhfeidhmeanna clárúcháin ar bhonn píolótach	R3	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
145		145.3 Measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le forfheidhmiú na moltaí níos leithne maidir le feidhmeanna inimirce sa doiciméad <i>Seirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí</i>	R4		Níor baineadh amach é go fóill

7.5 Sprioc 5: Dlús a chur le nuálaíocht, claochlú digiteach agus gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála dlí agus cirt

Sé chuspóir straitéiseacha chun treoir a thabhairt dár gcuid oibre sa réimse seo sna trí bliana amach romhainn:

1. Seirbhísí digiteacha a mhéadú go suntasach ar fud na hearnála dlí agus cirt chun tacú leis an nGarda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, agus an Roinn Dlí agus Cirt féin a nuachóiriú, ár seirbhísí inimirce san áireamh
2. Córais teachtaireachtaí digiteacha a chomhtháthú ar fud na hearnála dlí agus cirt ionas go mbeifear in ann níos mó eolais a roinnt agus comhoibriú a mhéadú
3. Pleananna agus beartais a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála – lena n-áirítear flíteanna feithiclí agus eastáit a bhainistiú – chun tacú le spriocanna an Phlean Gnímh don Aeráid a bhaint amach
4. Agus ár seirbhísí a leagan amach an athuair, fócas a thabhairt isteach maidir le hinbhuanaitheacht, réitigh dhigiteacha agus ár lorg carbóin a laghdú
5. Cinnte a dhéanamh de go bhfuil an t-úsáideoir i gcroílár gach aon seirbhíse a fhorbraímid ar fud na hearnála dlí agus cirt
6. Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt i gcomhair na hearnála dlí agus cirt

D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, dhíríomar ar na gníomhartha seo a leanas, a dtugtar tuairisc ar dhul chun cinn ina leith sin thíos.

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
CUSPÓIR - Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt i gcomhair na hearnála dlí agus cirt					
146	Creat Bainistíochta Athruithe a chur le chéile don Roinn		R3	Baineadh amach é	
147	Straitéis Nuálaíochta don earnáil dlí agus cirt a chur le chéile agus a fhoilsiú		R2	Baineadh amach é	
148	Tacú le bunú struchtúr cuí rialachais agus maoirseachta ar mhaithe le straitéis ATN (Athrú, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht) a chur i bhfeidhm		R4		Níor baineadh amach é go fóill
149	Modheolaíocht agus Creat Bainistíochta Tionscadal a chur san áireamh i mBainistíocht Clár agus Tionscadal agus ar fud na Roinne				
149		149.1 Lámhleabhar agus Sraith Acmhainní um Bainistíocht Tionscadal a chur le chéile	R2	Baineadh amach é	
149		149.2 Oiliúint a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus d'úsáideoirí	R2	Baineadh amach é	
CUSPÓIR- Seirbhísí digiteacha a mhéadú go suntasach ar fud na hearnála dlí agus cirt chun tacú leis an nGarda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, agus an Roinn Dlí agus Cirt féin a nuachóiriú, ár seirbhísí inimirce san áireamh					
150	Cinnteacht a dhéanamh de go gcuirtear an trealamh agus na huirlisí cuí ar fáil don fhoireann le go mbeidh siad in ann oibriú go slán ar an láthair agus ó chian ar aon, i gcás go gceadaítear é sin mar chuid den obair chumaisc.		R1	Baineadh amach é	
CUSPÓIR- Pleananna agus beartais a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála – lena n-áirítear flíteanna feithiclí agus eastáit a bhainistiú – chun tacú le spriocanna an Phlean Gnímh don Aeráid a bhaint amach					
151	Ráiteas Beartais maidir leis an Aeráid a fhoilsiú don earnáil Dlí agus Cirt ina leagfar amach an bealach ina mbainfidh an earnáil dlí agus cirt a cuid spriocanna aeráide agus éifeachtúlachta fuinnimh amach, lena n-áirítear trí ghlacadh le soláthar poiblí glas		R4		Níor baineadh amach é go fóill


#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
CUSPÓIR					
Agus ár seirbhísí a leagan amach an athuair, fócas a thabhairt isteach maidir le hinbhuanaitheacht, réitigh dhigiteacha agus ár lorg carbóin a laghdú					
152	Liosta tosaíochta a chur le chéile agus tús a chur leis an bhforbairt ar mhórfheidhmchláir chasta Lotus Notes ar ardáin shlána nua-aimseartha		Fós ar bun	Baineadh amach é	
153	Breithniú a dhéanamh ar chritéir inbhuanaitheachta a chur san áireamh maidir le tairiscintí ar earraí agus seirbhísí a mheas nuair is cuí		R4	Baineadh amach é	
CUSPÓIR -					
Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt i gcomhair na hearnála dlí agus cirt					
154	Feasacht ar Thionchar Aeráide a chomhtháthú sa Chreat Bainistíochta Tionscadal d'fhonn lorg carbóin na dtionscadal a laghdú		R1	Baineadh amach é	
CUSPÓIR					
Córais dhigiteacha a chomhtháthú ar fud na hearnála dlí agus cirt ionas go mbeifear in ann níos mó eolais a roinnt agus comhoibriú a mhéadú					
155	An Plean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís do Chustaiméirí, agus an Chairt Custaiméirí, a thabhairt chun críche agus a chur i gcló		R1	Baineadh amach é	
156	Tacaíocht a thabhairt do SSI (Soláthar Seirbhíse Inimirce) le linn dó a straitéis digitithe a chur i bhfeidhm agus le linn dó aistriú chuig samhail fheidhmiúil níos fearr		R3	Baineadh amach é	
157	Leanúint d'fheidhmiúlacht Mhol Oibríochtaí an Cheartais Choiriúil a chur i bhfeidhm				
157		157.1 Snáithe 1: rialachas agus cur chuige a bhunú i leith Taighde agus Anailís-íocht Trasearnála	R4	Baineadh amach é	
157		157.2 Snáithe 2: teachtaireachtaí leictreonacha idir gníomhaireachtaí ceartais choiriúil a mhéadú le go	R4	Baineadh amach é	

#	Gníomh	Foghníomh	Cur i gCrích	Baineadh Amach É	Níor Baineadh Amach É
		dtiocfaidh siad in ionad na bpróiseas láimhe atá ann faoi láthair			
158	Ascnamh <i>Lotus Notes</i> le haghaidh córais neamhchasta a aistriú chuig timpeallacht táirgthe iomláin le píopáil forbartha iarratas		R4	Baineadh amach é	
159	Tionscnaimh a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a chur chun tosaigh ar fud na hearnála dlí agus cirt				
159		159.1 Straitéis CEI (Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht) de chuid na Roinne Dlí agus Cirt a chur i gcló	R1	Baineadh amach é	
159		159.2 Tús a chur leis an obair chun tionscnaimh bhreise CEI a aithint ar fud na hearnála dlí agus cirt	R2	Baineadh amach é	

Aguisín 1: Gníomhaireachtaí, Oifigí agus Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Oibrímid i gcomhpháirtíocht le gach Gníomhaireacht, Oifig agus Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt.

Is féidir liosta cuimsitheach, lena n-áirítear na Boird/na Binsí ar fad atá faoi choimirce na Roinne agus a gcuid feidhmeanna, a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne.



Aguisín 2: Tuairisciú ar Sholáthar Poiblí Glas (SPG)

Bliain tagartha 2022	A. Líon iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnáil tosaíochta	B. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnáil tosaíochta	C. Líon iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnáil tosaíochta agus ina bhfuil SPG curtha san áireamh	D. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh a bhí os cionn €25,000 de réir earnáil tosaíochta agus ina bhfuil SPG curtha san áireamh
Earnáil Tosaíochta				
Iompar	3	Níl sé taifeadta	0	0
Caiteachais ar Áitreabh Oifige	2	Níl sé taifeadta	0	0
Táirgí agus Seirbhísí Glantacháin	3	Níl sé taifeadta	0	0
Trealamh Saotharlainne	19	Níl sé taifeadta	0	0
Teicneolaíocht na Faisnéise	19	Níl sé taifeadta	0	0
Cóiríocht	2	Níl sé taifeadta	0	0
Seirbhísí Gairmiúla	9	Níl sé taifeadta	0	0
Méideanna Iomlána	57	Níl sé taifeadta	0	0

Aguisín 3: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (“Ár nDomhan a Athrú ó Bhonn”). Is plean gníomhaíochta é Clár Oibre 2030 do dhaoine, pláinéad agus rathúnas agus tá feidhm aige maidir le tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha araon. Is é fócas Chlár Oibre 2030 na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna) agus a 169 fo-sprioc faoi seach.

Cumhdaíonn na SFIInna mianta amhail:

- deireadh a chur leis an mbochtaineacht
- forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe
- cosaint an chomhshaoil
- rochtain ar sheirbhísí sláinte agusoidreachais
- comhionannas inscne
- sochaithe síochánta
- obair fhiúntach

Nótáiltear gníomhartha na Roinne Dlí agus Cirt faoi Spriocanna 5, 8, 10 agus 16

5.2 Deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh ban agus cailíní sa réimse poiblí agus príobháideach, lena n-áirítear gáinneáil agus dúshaothrú gnéasach agus cineálacha eile dúshaothraithe

I Meitheamh na bliana 2022, chuir an tAire Dlí agus Cirt ag an am, Eiléana Nic an tSaoi, TD, Neamhfhulaingt: An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, i gcló.

Is clár uaimhianach athchóirithe uile-Rialtais é Neamhfhulaingt (Zero Tolerance) do na cúig bliana idir 2022 agus 2026. Tá sé mar aidhm aige sochaí ar leith a bhaint amach – sochaí nach nglacann le foréigean baile, gnéasach nó inscnebhunaithe ná leis na dearcthaí atá mar bhonn agus thaca aige.

Tá an straitéis, ar fiú €363 milliún í, bunaithe ar cheithre cholún Iostanbúl – Cosaint, Cosc, Cúiseamh agus Comhordú Beartais – agus tá 144 gníomh mionsonraithe sa phlean forfheidhmithe a ghabhann léi atá le cur i bhfeidhm trí struchtúir nua mhaoirseachta. Mar gheall air sin, déanfar cinnte de go mbainfear an uile rud atá geallta sa phlean amach, de réir na n-amlínte soiléire a leagadh amach.

Eascraíonn na gníomhartha as Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit éagsúla, rud a léiríonn nach féidir Neamhfhulaingt a bhaint amach mura ndéanann an tsochaí ar fad a cuid, agus nach

féidir déileáil le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe mar cheist ceartais choiriúil amháin.

Cheadaigh an Rialtas plan forfheidhmithe don chéad 18 mí den Straitéis, in éineacht leis an Straitéis féin. Cuirfear pleananna gníomhaíochta bliantúla i gcló gach bliain ina dhiaidh sin ar feadh shaolré na straitéise Neamhfhulaingthe.

Tá foráil sa Straitéis maidir le gníomhaireacht reachtúil FBGIB (Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe) a bhunú faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt, is gníomhaireacht a spreagfaidh an obair seo agus a sholáthróidh an saineolas agus an treoir atá de dhíth.

Tá siad seo a leanas i measc na ngníomhartha eile atá sa Phlean Forfheidhmithe agus cuirfear ar fáil ar fud an rialtais iad:

- Curaclaim nuashonraithe mheánscoile a chur i bhfeidhm sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, lena n-áireofar toiliú, foréigean baile, smacht comhéigneach agus úsáid shábháilte as an idirlíon
- Oiliúint níos fearr a chur ar fáil do ghairmithe agus don fhoireann tacaíochta
- Obair a dhéanamh chun deireadh a chur leis na bacainní dlíthiúla a chuireann cosc ar dhaoine aonair, atá thíos le foréigean gnéasach nó foréigean baile, fanacht sa bhaile nuair atá sé sábháilte é sin a dhéanamh
- Saoire reachtúil i leith foréigean baile a thabhairt isteach i mbliana
- An phianbhreith uasta mar gheall ar ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh — ceann de na cúisimh is coitianta i gcásanna drochíde sa teaghlach — a mhéadú ó chúig bliana go deich mbliana
- Tús a chur leis an bplé leis na breithiúna ar mhaithe le breithniú a dhéanamh ar chruthú sainbhreithiúna i gcomhair cásanna a bhaineann le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe
- Timthriall athbhreithnithe a bhunú sa Roinn Dlí agus Cirt chun tuilleadh athchóirithe ar an dlí a aithint agus a bhreithniú
- An Straitéis Ceartais Teaghlaigh a fhoilsiú agus a chur chun feidhme agus Bille na gCúirt-eanna Teaghlaigh a achtú chun córas cúirte teaghlaigh a chruthú atá níos éasca le húsáid
- Reachtaíocht a achtú chun cionta neamhspleácha — stalcaireacht agus tachtadh neamh-mharfach — a thabhairt isteach, chomh maith le Bille nua um Chionta Gnéasacha agus an Bille um Choireacht Fuatha

Ritheadh reachtaíocht chun foráil a dhéanamh maidir le cion an tachtá neamh-mharfaigh, agus cion sonrach na stalcaireachta, a thabhairt isteach. Agus iad ag cur le feachtais roimhe seo

macasamhail *Fós Anseo (Still Here)* agus *Leithscéal ar Bith (No Excuses)*, tá foirne cumarsáide na Roinne ag forbairt feachtais feasachta poiblí uailmhianacha chun daoine a chur ar an eolas faoi FBGIB. Chomh tábhachtach céanna, tá sé mar aidhm ag na feachtais seo dul i ngleic le scéalta gan bhunús, le míthuiscintí agus le tuairimí seanbhunaithe.

Tá sa doiciméad '*Ag Tacú le Turas Íospartaigh*' gníomhartha sonracha, ar ghlac an Rialtas leo, lena chinntiú go bhféadfaidh íospartaigh cionta gnéis teacht ar chomhairle dlí. Beartaítear go leath-nófar an raon cionta a gcuirtear comhairle dlí ar fáil d'íospartaigh ina leith agus go mbainfear ceanglas áirithe atá ann faoi láthair, is é sin, go gcaithfidh imeachtaí coiriúla a bheith tionscanta sular féidir le híospartach teacht ar chomhairle. Meastar go gcuirfear na bearta sin, a bhfuil gá le reachtaíocht phríomha ina leith, i bhfeidhm in am is i dtráth.

8.7 Frithbhearta maidir le gáinneáil ar dhaoine

Is coir thar a bheith gráinniúil í gáinneáil ar dhaoine, ina gcuirtear dallamullóg ar dhaoine leochaileacha agus ina ndéantar dúshaothrú orthu. Is eol dúinn go ndéantar gáinneáil ar dhaoine leochaileacha go hÉirinn ar chúiseanna dúshaothraithe, lena n-áirítear dúshaothrú gnéasach, obair éigeantais agus coiriúlacht éigeantais.

Tá an Rialtas seo dáiríre faoi gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a ionchúiseamh. Táimid muiníneach go dtabharfaidh an cur chuige atá á ghlacadh againn, atá dírithe ar an íospartach, spreagadh do níos mó íospartach teacht chun tosaigh, rud a chuirfidh le hionchúisimh agus ciontuíthe.

De dheasca Scéim Ghinearálta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2022, a foilsíodh i mí Iúil na bliana seo caite, cuirfear Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin athbhreithnithe ar bhonn reachtúil. Mar thoradh air sin, beidh sé níos éasca d'íospartaigh na gáinneála teacht chun tosaigh, beidh sé níos éasca iad a aithint, agus beidh sé níos éasca dóibh teacht ar thacaíocht.

Is í an Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin an creat trína gcomhlíonann an Stát, i gcomhar leis an tsochaí sibhialta, a chuid dualgas maidir le cearta an duine atá ag íospartaigh na gáinneála a chosaint agus a chur chun cinn.

Cheadaigh an Rialtas an Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin nua atá beartaithe i mí na Bealtaine 2021. Is cuid ríthábhachtach den chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine í. Tabharfaidh sí deis do ghrúpaí sochaí sibhialta a thacaíonn le híospartaigh iad a chur ar aghaidh lena n-aithint go foirmiúil. Chomh maith leis sin, beidh sé níos éasca d'íospartaigh na gáinneála

teacht chun tosaigh le gur féidir iad a aithint agus, dá bhrí sin, beidh siad ábalta teacht ar na tacaíochtaí agus ar na hacmhainní uile atá ar fáil dóibh.

Is léiriú ríshoiléir é sin ar thiomantas na hÉireann tacú le híospartaigh na coire gránna seo agus iad a aithint, agus cuirfidh sé lenár gcáil idirnáisiúnta sa réimse seo.

Tá rún daingean againn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua maidir le gáinneáil ar dhaoine a fhorbairt agus is léiriú eile é sin ar ár dtiomantas sa réimse seo. D'oibrigh an Roinn Dlí agus Cirt i gcomhar le grúpa oibre chun spriocanna agus torthaí ardleibhéil an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta nua a dhréachtú. Tá an obair sin beagnach i gcrích agus meastar go gcomhaontófar an plan nua go luath.

Tugadh bearta suntasacha eile isteach in Éirinn chun dul i ngleic le gáinneáil, chun cur chuige atá níos dírithe ar an íospartach a chruthú maidir le híospartaigh a aithint agus tacú leo, agus chun feasacht a ardú agus oiliúint a chur ar fáil. Tá siad seo a leanas ar na bearta sin:

- Oiliúint a fhorbairt, trí ENRanna, ina ndírítear ar bhaill foirne túslíne i dtionscail amhail fáilteachas, aerlíne, loingseoireacht agus slándáil a d'fhéadfadh teacht i dteagmháil le daoine a ndéantar gáinneáil orthu; agus
- Maoiniú a mhéadú chun tacú le híospartaigh na coireachta go ginearálta agus maoiniú a mhéadú chun tacú go sonrach le híospartaigh na gáinneála.

Ina theannta sin, tá an Roinn Dlí agus Cirt tar éis dul i gcomhpháirtíocht le hoifig na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce (EII) de chuid na Náisiún Aontaithe i mBaile Átha Cliath le blianta beaga anuas maidir le feachtas bliantúil, is é sin, a chur in iúl don tsochaí gur féidir íospartaigh na gáinneála a bheith áit ar bith agus gur féidir leo a bheith thart orainn i ngan fhios dúinn. Táimid ag dúil go mór le cur leis an obair sin le EII.

Maidir leis An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, tá gníomh ann i dtaca le naisc a aithint idir an Plean Forfheidhmithe a ghabhann leis an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le gáinneáil ar dhaoine. Gníomh eile is ea a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar bhealach comhtháite ar ghníomhaíochtaí chun striapachas a chosc agus dul i ngleic le gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach.

Tosaíocht eile againn is ea an comhoibriú lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann ar cheisteanna ceartais choiriúil. Léiríodh an méid sin in imeacht an Oileáin Chomhroinnte an 4 Samhain inar díriodh ar dhul i ngleic le foréigean agus mí-úsáid inscnebhunaithe. Bhí ceist na gáinneála ar dhaoine ar chlár oibre an Ghrúpa Chomhairligh Tionscadail Thuaidh Theas maidir le híospartaigh.

Dréachtghníomh amháin sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta atá le teacht is ea iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir linn comhoibriú lena chéile níos mó chun príomhphointí foghlama agus téamaí coitianta a aithint ó atreorúcháin íospartach. Tá sé i gceist ag an Rialtas go n-aithneofar gach íospartach gáinneála agus go dtabharfar cabhair dóibh ionas gur féidir tacú leo.

Aithnítear agus léirítear an dul chun cinn a rinneadh le déanaí sa tuarascáil 'Gáinneáil ar Dhaoine' (*Trafficking in Persons*), 2022, arna foilsiú ag Roinn Stáit na Stát Aontaithe i mí an Mheithimh, inar uasghrádaíodh rangú na hÉireann ó liosta faire Shraith 2.

10.7 Beartais imirce

Bhíothas ábalta iarratas a dhéanamh ar an Scéim um Imircigh Fhadtéarmacha gan Doiciméid a Thabhairt chun Rialtacha idir an 31 Eanáir agus an 31 Iúil i mbliana. Ceapadh an scéim neamhchoitianta seo chun deis a thabhairt do dhaoine atá gan doiciméid le fada, agus nach bhfuil cead acu faoi láthair fanacht sa Stát, a stádas a thabhairt chun rialtacha, teacht ar an margadh saothair agus tús a chur lena n-aistear i dtreo na saoránachta.

Tá critéir na scéime ag teacht leis an ngealltanais i gClár an Rialtais maidir le scéim um thabhairt chun rialtacha a chur i láthair chun bealaí nua a chruthú do dhaoine atá gan doiciméid le fada agus dá gcleithiúnaithe. Tá an tréimhse chónaithe gan doiciméid de cheithre bliana, nó trí bliana i gcás iarratasóirí a bhfuil leanaí acu, ag teacht leis an ngealltanais sin agus cheadaigh an Rialtas í.

Chuaigh an Roinn i mbun caidreamh suntasach le ENRanna san earnáil seo roimh thréimhse na n-iarratas agus lena linn. Lena chois sin, rinne sí fógraíocht fairsing ar an scéim roimh an tréimhse 6 mhí a rabhthas ábalta cur isteach uirthi agus lena linn. Cuireadh tús le feachtas meán spriocdhírthe sna seachtainí deireanacha den scéim freisin.

Ní raibh an scéim ar fáil ach dóibh siúd nach raibh cead acu faoi láthair cónaí sa Stát. De bharr na scéime, cuireadh ar chumas na n-iarratasóirí incháilithe fanacht agus cónaí sa Stát agus a stádas cónaithe a thabhairt chun rialtacha.

Thaifead an Roinn 6,548 iarratas i leith 8,311 duine faoin scéim, lena n-áirítear 1,108 iarratas i leith mionaoiseach a cuireadh isteach mar chuid d'iarratais teaghlaigh. Amhail an 12 Nollaig 2022, eisíodh 4,857 cinneadh chuig iarratasóirí — cinntí dearfacha ab ea 4,796 cinneadh (97%) agus cinntí diúltacha ab ea 94 cinneadh (2%). Tharraing roinnt iarratasóirí a n-iarratas siar ar fháthanna éagsúla; tarraingíodh 47 iarratas (1%) siar san iomlán. Leanadh ar aghaidh le próiseáil na n-iarratas eile.

Cuireadh tús leis an snáithe, Cosaint Idirnáisiúnta, de chuid na scéime um thabhairt chun rialtacha, an 7 Feabhra agus cuireadh deireadh leis an 7 Lúnasa. Amhail an 9 Nollaig 2022,

taifeadadh 3,193 iarratas sa snáithe. Amhail an 12 Nollaig, eisíodh 1,375 cinneadh rathúil agus thug an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta a mhacasamhail de chead do 1,017 iarratasóir eile. Bhí 396 iarratas eile neamh-incháilithe.

Maidir le daoine sa Stát nach bhfuil doiciméid acu, déileáiltear leo ar bhonn cás ar chás. Tá an Roinn de shíor ag gríosú daoine atá sa riocht seo teacht chun tosaigh ar mhaithe le hiarratas a dhéanamh chun a stádas sa Stát a thabhairt chun rialtacha.

16.1-16.5 Bearta chun foréigean a laghdú, gáinneáil, aisghabháil sócmhainní, riail an dlí agus bearta frithéillithe

Agus na dúshláin dhomhanda a bhaineann leis an gcoireacht airgeadais á n-aithint aici, tá Éire ina páirtí i roinnt ionstraimí idirnáisiúnta frithéillithe, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, Coinbhinsiún na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Cur i gcoinne Breabaireacht a Dhéanamh ar Oifigigh Phoiblí Choigríche in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta, agus Coinbhinsiún Coiriúil Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú (a ndéanann an Grúpa Stát in aghaidh an Éillithe monatóireacht air). Leis na comhaontuithe comhroinnte sin, cothaítear frithsheasmhacht chomhchoiteann in aghaidh an éillithe agus na coireachta airgeadais idirnáisiúnta.

Cuireadh plean forfheidhmithe uile-Rialtais chun na moltaí in Athbhreithniú Hamilton ar Choireacht Eacnamaíoch a chur chun cinn i gcló in 2021. Leagtar amach ann 22 gníomh chun cumas forfheidhmithe agus coisc sa réimse seo a fheabhsú.

Cuireadh cúig ghníomh i gcrích ina n-iomláine cheana féin, agus tá dul chun cinn suntasach déanta ar roinnt gníomhartha eile. Mar shampla:

- achtaíodh an Bille um Nós Imeachta Coiriúil
- pléadh le Comhairle na mBreithiúna maidir le hoiliúint bhreithiúnach a fhorbairt le haghaidh cásanna casta coireachta eacnamaíche/éillithe
- cuireadh an Comhairle Chomhairleach in aghaidh Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú ar bun an samhradh seo agus í faoi chathaoirleacht an iarStiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí;
- cuireadh Fóram d'ionadaithe sinsearacha ó na comhlachtaí oibriúcháin ábhartha ar bun i mí an Mheithimh, 2021; agus
- síníodh an tAcht Iomaíochta (Leasú) ina dhlí an 29 Meitheamh i mbliana.

Rinneadh an-dul chun cinn freisin maidir le moltaí eile an Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm, mar shampla cumhachtaí níos mó ag gníomhaireachtaí imscrúdaithe chun dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus éilliú. Tá obair ar bun i rith an ama chun an reachtaíocht ábhartha a bhaineann le barántais chuardaigh a leasú. Dá bharr sin, beidh na Gardaí in ann a cheangal ar

dhaoine is ábhar do bharántais ghabhála na pasfhocail dá ngléasanna leictreonacha a thabhairt. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hathchóiriú na nAchtanna um Eitic agus maidir le hacmhainní breise a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe.

Comhoibríonn an Garda Síochána le Interpol agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile um fhorfheidhmiú an dlí chun dul i ngleic leis an gcoiriúlacht seo. I rith mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair, thug na Gardaí, i gcomhar le Interpol agus Gníomhaireachtaí um Fhorfheidhmiú an Dlí as 13 thír ar 4 mhór-roinn, faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe faoi Oibríocht JACKAL. Is éard atá i gceist le hOibríocht JACKAL, nó Oibríocht SKEIN mar a thugtar uirthi in Éirinn, imscrúdú ar Eagraíochtaí Coiriúla Idirnáisiúnta a thugann faoi Thruailliú Ríomhphost Gnó agus Calaoisí Rómánsacha, den chuid is mó, ar fud an domhain, agus a sciúrrann na fáltais trí líonraí cuntas bainc i dtíortha éagsúla, Éire san áireamh.

D'fhreastail pearsanra ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch ar chruinnithe comhordaithe i gcuideachta Interpol agus thug siad láithreoireachtaí acu freisin. Ina theannta sin, threoraigh siad seachtain ghníomhaíochta i mí Mheán Fómhair, 2022. De dheasca na seachtaine gníomhaíochta sin, rinneadh seachtó a cúig (75) gabháil timpeall na cruinne (bhí 34 gabháil díobh sin in Éirinn), rinneadh caoga a hocht (58) cuardach (bhí 9 gcuardach díobh sin in Éirinn) agus reodh €1.2 milliún.

Maidir le tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána, *Bagairt an Éillithe Inmheánaigh a Chomhrac: Athbhreithniú ar struchtúir, straitéisí agus próisis frithéillithe sa Gharda Síochána (Countering the Threat of Internal Corruption: A review of counter-corruption structures, strategies and processes in the Garda Síochána)*, tá moltaí tábhachtacha dearfacha inti a d'fhéadfadh cur go mór leis an gcaoi a ndéileáiltear le bagairt an éillithe sa Gharda Síochána. Tugtar moltaí sa tuarascáil freisin maidir le comhthuiscint a fhorbairt ar bhagairt an éillithe ar fud na hearnála Ceartais Choiriúil i gcoitinne.

Bhí 34 moladh sa tuarascáil deiridh, arna cur i gcló i mí an Mhárta 2021; dhírigh 30 acu sin ar an nGarda Síochána, dhírigh trí cinn ar an Roinn Dlí agus Cirt agus dhírigh ceann amháin ar an Roinn Iompair. Bhí cuid mhór caidrimh ar bun idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an Garda Síochána maidir le mionphlean forfheidhmithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na moltaí.

Glacadh ina n-iomláine leis na trí mholadh a bhí dírithe ar an Roinn Dlí agus Cirt Seo a leanas na moltaí sin go hachomair:

- Moladh 1 – tuiscint straitéiseach a fháil ar bhagairt an éillithe inmheánaigh ar fud na hearnála ceartais choiriúil;
- Moladh 12 – gníomhaíochtaí iarfhostaíochta lucht saothair an Gharda Síochána a

athbhreithniú; agus

- Moladh 27 – a chinntiú go ndéanfar imscrúdú seachtrach neamhspleách ar gach cás iompair a bhaineann le foréigean gnéasach nó mí-úsáid cumhachta ar mhaithe le tairbhe ghnéis a eascraíonn as gníomhartha comhalta de lucht saothair an Gharda Síochána atá ag gníomhú ina gcáil ghairmiúil agus a d'fhéadfadh a bheith ina shárú ar Airteagail 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Aithníodh go bhfuil athrú reachtaíochta de dhíth i gcás roinnt moltaí agus tá obair ar bun cheana féin chun na moltaí sin a bhaint amach. Cuirfidh an plan forfheidhmithe, a cuireadh i gcló i mí Mheán Fómhair, le roinnt tionscnamh a bhfuil dul chun cinn déanta orthu sa réimse seo, lena n-áirítear:

- Shínigh Coimisinéir an Gharda Síochána an gealltanas 'Ionracas san Ionad Oibre' (*Integrity at Work*) le *Transparency International* (Éire) agus d'ainmnigh sé *Transparency International* (Éire) mar an sainchomhlacht a chuirfidh comhairle neamhspleách ar Phearsanra an Gharda Síochána maidir le Nochtadh Cosanta.
- Bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána Aonad Frithéillithe an Gharda Síochána in 2020. Tá de shainchúram náisiúnta ar an Aonad éilliú agus coiriúlacht a dhéanann Gardaí nó foireann an Gharda Síochána – nó éilliú agus coiriúlacht a mheastar atá á dhéanamh nó á déanamh ag Gardaí nó ag foireann an Gharda Síochána – a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.
- Ceapadh Leas-Choimisinéir um Straitéis, Rialachas agus Feidhmíocht mar Cheannaire Sinsearach Póilíní ar a bhfuil freagracht as Frithéilliú sa Gharda Síochána.
- Réitíodh agus foilsíodh roinnt beartais frithéillithe, lena n-áirítear an Beartas Frithéillithe uileghabhálach, an Beartas um Theorainneacha Gairmiúla agus Mí-Úsáid Cumhachta ar Mhaithe le Tairbhe Ghnéis, mar aon leis an mBeartas um Mí-Úsáid Substaintí (Drugáí Rialaithe).
- Shínigh an tUachtarán Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibriúcháin), 2022, ina dhlí an 4 Bealtaine 2022. Tá forálacha ann chun tacú le tabhairt isteach rialachán i dtaca le tástáil ar mhí-úsáid substaintí sa Gharda Síochána.

Aguisín 4: Comhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid


- **Gníomhaíochtaí na nÚdarás Inniúil um Chomhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid – tuarascáil faoi alt 65 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú**
- Le halt 108 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú, rinne an tAire Dlí agus Cirt, mar údarás inniúil faoin Acht, feidhmeanna údaráis inniúil an Aire a tharmligean chuig an Aonad Comhlíontachta um Fhrith-Sciúradh Airgid (ACFSA) sa Roinn.
- Is uirlis thábhachtach eolais é suíomh gréasáin ACFSA, www.amlcompliance.ie. Baineann ACFSA leas as chun eolas a scaipeadh agus chun feacht a ardú. Foilseofar tuarascáil bhliantúil iomlán ACFSA don bhliain 2022 ar an suíomh gréasáin sin i gceann na haimsire.
- Sa bhliain 2022, rinne imscrúdaitheoirí rialála ACFSA 462 cigireacht san iomlán ar dhaoine ainmnithe a ndéanann sé maoirseacht orthu: 191 cigireacht ar Thrádálaithe Earraí Ardluacha (27 seodóir, 11 trádálaí órbhuillin, 20 trádálaí seandachtaí, 123 trádálaí gluaisteán agus innealra throm agus 10 dtrádálaí bád/mara); 33 iniúchadh ar thrádálaithe ealaíne; 130 iniúchadh ar Sholáthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta (SSICanna); 23 iniúchadh ar nótaireí poiblí; 45 iniúchadh ar sholáthraithe seirbhísí cearrbhachais (30 geallghlacadóir, 4 cinn ar an gcúrsa, 3 cinn ar líne agus 8 gClub Comhaltaí Príobháid-eacha ina mbíonn cearrbhachas ar siúl); 15 iniúchadh ar chomhairleoirí cánach; agus 25 iniúchadh ar chuntasóirí seachtracha. Rinne ACFSA 59 athnuachan ar údarú SSIC, 56 iarratas nua ar SSIC, 7 gcúlghairm SSIC agus 7 ndiúltú d'údarú SSIC a phróiseáil in 2022 leis.
- Mar chuid dá ghníomhaíochtaí for-rochtana le linn na bliana, rinne ACFSA cur i láthair do chomhaltaí Dhámh na Nótaireí Poiblí in Éirinn agus d'óstáil sé seimineár gréasáin do chomhairleoirí cánach. Ina theannta sin, thug sé cur i láthair sa Diplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht agus Imscrúdú Sócmhainní de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Ar a bharr sin, bhuail ACFSA le cumainn páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Foras Cánachais na hÉireann agus Cumann Geallghlacadóirí na hÉireann, rinne sé plé leanúnach le páirtithe leasmhara eile sa Choiste Stiúrtha um Fhrith-Sciúradh Airgid, agus bhuail sé leis an Rialtóir Cearrbhachais eatramhach.

Aguisín 5: Inbhuanaitheacht

1. Fuinneamh

Tá dualgas ar an Roinn faoi Plean Gnímh don Aeráid (CAP 21) feabhas 50% a bhaint amach in éifeachtúlacht fuinnimh (i gcomparáid le 2009) agus ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú faoi 51% faoi dheireadh na bliana 2030 (i gcomparáid leis an meán do na blianta 2016-18). Déanann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann monatóireacht agus tuairisciú ar ár ndul chun cinn gach bliain.

Léirítear sna réamhshonraí, a athchruthaítear thíos, gur bhaineamar coigilteas 51.0% amach in éifeachtúlacht fuinnimh sa bhliain 2022; is méadú é sin ar an 42.4% a baineadh amach in 2021 (tá an figiúr don bhliain 2022 le deimhniú fós).




Glacann an Roinn páirt i scéimeanna feasachta Oifig na nOibreacha Poiblí, 'Fuinneamh a Bharrfheabhsú @ an Obair' (*Optimising Power @ Work*), lena n-áirítear an feachtas, Úsáid Níos Lú, i rith an ama.

Déantar monatóireacht ar na córais bhainistíochta foirgneamh, agus cuirtear barr feabhais orthu, ar mhaithe lenár n-ídiú fuinnimh a laghdú níos mó. Uasghrádaíodh an córas aerchóirithe agus na hardaitheoirí inár bhfoirgneamh ar 6-7 Sráid Hanover agus laghdaíodh an t-ídiú fuinnimh píosa eile dá bharr sin. Cuireadh tús le huasghrádú na soilse inár n-oifigí i gCearnóg an Easpaig in 2022 agus tá an obair sin críochnaithe anois.

Ídiú Fuinnimh (TPER) - 2022

Ídiú Fuinnimh 2022 = 7,597,399 kWh


Ídiú Fuinnimh ón mBonnlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh (TPER)



14.8% níos lú ná 2021

51.3% níos lú ná an bhonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh

Ídiú Fuinnimh - 2022 (TPER)



1,314,878 kWh níos lú ná 2021

8,009,052 kWh níos lú ná an bhonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh



(Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)

2. Fritháirimh charbóin

Faoi chiorclán DPE 019-001-2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag tosú in 2020, ceanglaítear ar an Roinn Dlí agus Cirt na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le gach eitilt oifigiúil a dhéantar laistigh de bhliain féilire a thaifeadh, agus méid comhfhreagrach a íoc isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, bunaithe ar an ráta cánach carbóin a bhí i réim (€26 in aghaidh an tona in 2021). Tá an íocaíocht a ceanglaíodh don bhliain 2021 déanta ag an Roinn. Tá líon na n-eitiltí, iomlán an charbóin agus an fritháireamh carbóin dá dheasca sin don Roinn, do 2021, léirithe inár gcairt.

Achoimre ar Laghdú Carbóin don bhliain 2022			
lomlán na gcliméadar: 1038402	Líon na n-eitiltí: 613	An méid iomlán carbóin in kg: 107442.9	Costas an fhritháirimh carbóin: €4,405.16

3. Bithéagsúlacht

Mar chuid de thiomantas na Roinne don bhithéagsúlacht, suiteáladh dhá choirceog ar dhíon 51 Faiche Stiabhna i mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhí thart ar 15,000 beach i ngach coirceog tráth na suiteála. Tháinig méadú ar líon na mbeach i rith na bliana agus bhí timpeall 40,000 beach i ngach coirceog ag deireadh mhí Bealtaine, 2023. Faigheann na beacha neachtar ón gcrann cnó capaill agus ón seiceamar i bhFaiche Stiabhna den chuid is mó agus faigheann siad pailin ó na bláthanna.


Chomh maith leis sin, chuir baill foirne in oifigí na Roinne i gCill Airne os cionn 50 sceach gheal óg ar mhaithe le limistéar neadaithe sábháilte a thabhairt d'éin, agus le bia agus foscadh a thabhairt d'fheithidí éagsúla. Tá gnáthóga éagsúla ar fáil d'fheithidí a bhuíochas leis an gcarn lomán/barraíola i ngairdín na mbláthanna fiáine agus tógadh óstán na mbeach ionas go bhféadfaidh speicis éagsúla beach neadú ann. Agus cheana, spreag an fhoireann 'bruach na mbeach' le haghaidh beacha tolltacha ar bhruach le hithir lom; rinne siad cinnte de gur baineadh an fásra as an áit. Tá faichí fiáine bainistithe mórthimpeall an limistéir sin.

4. Taisteal níos Cliste

Chuaigh an Roinn i mbun comhpháirtíochta le TFI (Iompar d'Éirinn) maidir leis an gclár 'Taisteal níos Cliste' d'fhonn an fhoireann a spreagadh le bheith ag comaitéireacht go hinbhuanaithe agus go gníomhach. Is clár deonach náisiúnta um athrú iompraíochta é 'Taisteal níos Cliste' de chuid TFI. Tugtar tacaíocht ann d'fhostóirí agus d'institiúidí tríú leibhéal chun Pleananna Taistil deonacha a chur i bhfeidhm. Cheannaigh an Roinn veain leictreach in 2022 agus fágadh slán ag veain díosail dá thairbhe. Mar gheall air sin, tá laghdú tar éis teacht ar astaíochtaí CO₂.

Aguisín 6: Figiúirí ón Tuarascáil Trédhearcachta

Faigheann príomhsheoladh ríomhphoist na Roinne, info@justice.ie, ríomhphoist agus déanann sé iad a chatagóiriú sula gcuirtear faoi bhráid na bhfoirne comhfhreagrais sa rannóg Trédhearcachta iad. Is minic a sheoltar an iliomad cóipeanna den ríomhphost céanna chuig an seoladh lárnach sin. Fuarthas os cionn 35,000 ríomhphost agus níl dúblaigh, ná comhfhreagras a mharcáiltear mar ‘turscar’, san áireamh sa líon sin. Is ionann an figiúr sin agus an comhfhreagras a athbhreithníodh agus a próiseáladh tríd an rannóg Trédhearcachta.



Ceisteanna inimirce ab ea an chuid ba mhó de na cásanna comhfhreagrais ar dhéileáil an Roinn leo. B'ionann an réimse sin agus 41% de na cásanna comhfhreagrais in 2022; 4,462 cás san iomlán. D'fhéadfadh an iliomad míreanna comhfhreagrais a bheith i gceist le gach cás, bídis i bhfoirm ríomhphoist, poist nó teachtaireacht ghutháin. Ar an meán, fuarthas 170 ríomhphost gach lá le linn na seachtaine oibre.

Rannán	Iomlán	%
Tr. Sibhialta - Inimirce	4462	41.50%
Tr. Sibhialta - Rialacháin agus Rochtain ar an gCeartas	1524	14.17%
Tr. Coiriúil - Póilíneacht Choireachta	1504	13.99%
Tr. Coiriúil - Beartas Pionóis agus Cearta Íospartach	1376	12.80%
Comh. Feidhmeannaigh Shíochána	933	8.73%
Tr. Gnóthaí Corparáideacha	730	6.79%
Comh. Aonad Dlí	97	0.90%
Slándáil agus Tuisceart Éireann	72	0.67%
Comh. Cróinéirí	25	0.23%
Comh. Ceapacháin Bhreithiúnacha	24	0.22%



